# Fhómhair Bia

Fís d'Agraibhia agus d'Iascaigh na hÉireann

2020.

Department of
**Agriculture, Fisheries and Food**
An Roinn
**Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia**

# Téarmaí Tagartha agus Ballraíocht de Choiste Fhómhair Bia 2020

## Téarmaí Tagartha

"Réiteoidh agus cuirfidh an Coiste dréachtstraitéis le haghaidh forbairt mheántéarmach faoi bhráid na hearnála agraibhia (lena n-áirítear deochanna), na hearnála iascaigh agus na hearnála foraoiseachta le haghaidh na tréimhse go dtí 2002. Tabharfar breac-chuntas sa straitéis ar na príomhghníomhartha a theastaíonn le cinntiú go gcuireann an earnáil a oiread agus is féidir lenár n-athshlánú geilleagrach atá faoi threoir easpórtálacha agus le forbairt iomlán an gheilleagair chliste.

Gearr agus gonta a bheidh an tuarascáil straitéise agus díreoidh sí ar na moltaí a tugadh don uile ghníomhaire san earnáil. Níl coinne leis go gcuimseofar inti anailís shonrach ar an earnáil, ach beidh anailís a réitíodh cheana faoi chaibidil aici, lena n-áirítear an plé agus na páipéir chúlra ar a bhfuil fáil ag *www.agriculture.gov.ie/2020strategy*, mar aon le hábhar eile den saghas sin, a mheasann an Coiste is cuí. Sa mhullach air sin, beidh rochtain ag an gCoiste ar na haighneachtaí a rinneadh sa phróiseas sainchomhairliúcháin phoiblí a sheolfar go comhaimseartha leis an gCoiste.

Tá coinne leis go gcuirfear an dréachtstraitéis faoi bhráid an Aire i Meitheamh 2010."

## Ballraíocht

| | |
|---|---|
| **An Dr Seán Brady** | **Cathaoirleach** |
| Jim Bergin | Glanbia |
| Dan Brown, | Cathaoirleach, An Bord Bia |
| Gary Browne | CEO an Ghrúpa, Sprioc RMG |
| John Bryan, | Uachtarán, an IFA |
| Donal Byrne, | Cadbury |
| Jackie Cahill, | Uachtarán, an ICMSA |
| Noel Cawley, | Cathaoirleach, Teagasc, agus Cathaoirleach, Grúpa Athbhreithnithe ar Straitéisí Thionscal an Bhia Mara |
| Tom Considine, | Iar-Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais |
| John Counsel, | Diageo |
| Michael Dowling, | Ceannasaí Agraistraitéis AIB |
| Jim Fennell, | Cathaoirleach, Foras na Mara |
| Gabriel Gilmartin, | Uachtarán, an ICSA |
| Michael Gowing, | Uachtarán, Macra na Feirme |
| Noel Groome, | Cathaoirleach, Foras Orgánach |
| Jim Hanley, | Rosderra |
| John Horgan, | Kepak |
| William Keane, | Feirmeoir Óg FBD na bliana 2009 |
| Mary Kelly, | Ard-Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Brendan Lacey, | Cumann Saothraithe Adhmaid na hÉireann |
| Alan Lauder | Birdwatch Ireland |
| Éamonn Lennon, | Abbott |
| Mike Magan, | Cathaoirleach, an AHI |
| Chris Martin, | CEO, Musgrave Group |
| An tOllamh Alan Matthews, | Ollamh le hEacnamaíocht, TCD |
| Gerry McCormack | SIPTU |
| Rose McHugh, | Cathaoirleach, BIM |
| Pat McLoughlin, | Uachtarán, an ICOS |
| Dan McSweeney, | Carbery |
| Lorcán Ó Cinnéide, | CEO Eagras Táirgeoirí Éisc na hÉireann |
| Larry Murrin, | Tionscal Bia agus Dí na hÉireann (FDII), (Dawn Farm Foods) |
| **Rúnaíocht** | An Roinn Talmhaiochta, Iascaigh agus Bia, An Bord Bia, Teagasc agus Fiontar Éireann. |

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Fís agus Spriocanna** | **2** |
| **2.** | **An Comhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** | **10** |
| 2.1 | Léargas Ginearálta | 11 |
| 2.2 | An Comhthéacs Náisiúnta Fioscach agus Geilleagrach | 12 |
| 2.3 | Margaí Tráchtearraí an Domhain agus Margaí Tráchtearraí an AE aníos go 2020 | 13 |
| 2.4 | Creat Beartais an AE aníos go 2020 | 13 |
| **3.** | **Fás agus Iomaíochas** | **14** |
| 3.1 | Léargas Ginearálta | 15 |
| 3.2 | Fás agus Iomaíochas Feirme | 18 |
| 3.3 | Fás agus Iomaíochas Tionscail | 20 |
| 3.4 | Inbhuanaitheacht an Chomhshaoil | 22 |
| 3.5 | Díriú ar Chustaiméirí agus ar Thomhaltóirí | 29 |
| 3.6 | Earnáil an Bhia agus na nDeochanna Breisluacha | 33 |
| **4.** | **Moltaí de réir Earnála ar Leith** | **36** |
| 4.1 | Mairteoil | 37 |
| 4.2 | Déirí | 41 |
| 4.3 | Caoirigh | 44 |
| 4.4 | Gairneoireacht | 45 |
| 4.5 | Táirgeadh Orgánach | 47 |
| 4.6 | Feoil Mhuice | 48 |
| 4.7 | Arbhar | 49 |
| 4.8 | Éineoil | 51 |
| 4.9 | Bia Mara | 52 |
| 4.10 | Foraoiseacht agus Barra Bithfhuinnimh | 55 |

# Fís agus Spriocanna

# 2020 Fís agus Spriocanna

Is é tionscal an agraibhia agus an iascaigh an tionscal dúchasach is mó in Éirinn. Tá bunús stairiúil fada ag an earnáil seo agus tá tuairim is 150,000 duine ar fostú aici sa lá atá inniu ann. Is ionann a táirgeacht bhliantúil agus €24 billiún agus bíonn cuid mhór gníomhaíochtaí ar bun i bpobail tuaithe agus i bpobail chósta.

**Tá athrú tagtha ar earnáil an agraibhia agus an iascaigh de chuid na hÉireann le blianta beaga anuas ó sholáthar a bhí bunaithe ar thráchtearraí go ceann atá de shíor ag díriú ar bhrandaí agus ar thomhaltóirí. Chuige sin, féadfaidh an tionscal líon mórshochar a shainaithint maidir lena theacht chun cinn.**

Feidhmíonn sé de réir caighdeán den chéad scoth i réimsí na sábháilteachta bia agus an leasa ainmhithe. Tá tionscal easpórtála ilbhilliúin tógtha aige trí dhul i ngleic le héilimh éagsúla na dtomhaltóirí agus trí na sonraíochtaí dianiarrthacha de chuid roinnt de na miondíoltóirí agus na soláthróirí biasheirbhíse is mó le rá ar domhan a bhaint amach.

Agus é sin san áireamh, feidhmíonn earnáil an agraibhia agus an iascaigh de chuid na hÉireann i dtimpeallacht ina bhfuil mórán dúshláin mhóra. Maidir le feirmeoirí agus le hiascairí, is saincheist mhór i dtaobh inmharthanacht leanúnach í an éagothroime idir an costas a bhaineann le táirgeadh agus le luach saothair. Maidir le cúrsaí próiseálaí agus déantúsaíochta, is dúshláin iad easpa braite scála, tréaniomaíochas idirnáisiúnta, daingniú sa mhiondíol idirnáisiúnta agus éilimh na dtomhaltóirí atá ag athrú, agus ní foláir tabhairt faoi ghníomh comhbheartaithe ina leith.

Sna deich mbliana atá amach romhainn agus ina bhfuil cúinsí tromchúiseacha geilleagracha le sonrú go tréan, tá feirmeoirí agus iascairí buailte go holc ag titim mhór sa táirgeacht i mórán earnálacha agus tá easpórtálacha bia agus deochanna na hÉireann ag streachailt ar fad le luaineacht airgeadra agus le timpeallacht chúlaitheach trádála i margaí tábhachtacha. Is deacair aon dul as a fheiceáil go ceann tamaill, ach b'fhéidir go bhfuil ábhar dóchais i ndán dúinn fós.

**Cé go mbeidh cuid de na dúshláin seo le sonrú sna blianta amach romhainn aníos go 2020, is iomaí deis a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa tréimhse freisin. Go háirithe, tá deis ann do thionscal agraibhia na hÉireann bheith faoi fhás agus faoi rath inbhuanaithe ach táirgí sábháilte nádúrtha ardchaighdeáin a sholáthar. Le hearnáil inbhuanaithe talmhaíochta a bhaint amach, ní foláir an táirgeacht is mó agus is féidir a dhaingniú i dtaobh an bhia ardchaighdeáin a tháirgfear.**

D'fhonn an méid seo a bhaint amach, ní mór go dtéann Éire i ngleic le, ní hamháin, líon dúshláin struchtúracha, d'fhonn freastal a dhéanamh ar dhúshlán iomaíoch an mhargaidh idirnáisiúnta, ach lena cuid gníomhaíochtaí margaíochta agus béim a chur ar acmhainní ar leith ar an deis a chuireann tomhaltóirí ar fáil a éilíonn na caighdeáin táirgthe agus chomhshaoil is fearr agus is féidir, a bhíonn ag súil le hinfheictheacht shoiléir i dtaobh saincheisteanna inbhuanaitheachta agus níos tábhachtaí fós, atá sásta praghas ard a íoc ar a shon seo.

Fís don todhchaí atá sa tuarascáil seo. Tá sí bunaithe ar fhíricí agus ar anailís chúramach ar threochtaí tionscail, ar threochtaí tomhaltóra agus ar threochtaí domhanda. Sainaithnítear an deis le haghaidh tionscal fuinniúil fadbhreathnaitheachta agraibhia inti, tionscal is féidir a bheith an-sochrach má fheidhmíonn agus má ghníomhaíonn sé 'go cliste' d'fhonn an leas is táirgiúla agus is féidir a bhaint as acmhainní saibhre nádúrtha 'glasa' na hÉireann ar dhóigh atá inmharthana go hinbhuanaithe agus de réir an gheilleagair amach anseo.

## Cliste: An Cur Chuige

Bunbheartas an Rialtais is ea forbairt geilleagair chliste maidir le hathnuachan gheilleagrach. Le go mbeidh sé faoi rath agus faoi fhorbairt sna deich mbliana amach romhainn, ní mór do thionscal agraibhia agus iascaigh na hÉireann éirí 'cliste'. Is éard atá i gceist leis seo caidreamh nua oibre a fhorbairt sa bhiashlabhra, trí shruthanna nua táirgí a thriail, trína chuid acmhainní a spriocdhíriú ar mhargaí nua, trí tháirgeacht agus iomaíochas a fheabhsú agus trí phoist cheannasaíochta a fhorbairt i réimse earnálacha. Go hachomair, ní mór dó infheistiú i smaointe, in eolas agus i scileanna, nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh, agus deiseanna nua a shainaithint le haghaidh comhoibriú thar an slabhra soláthair bia le hiomaitheoirí eile agus, go ginearálta, laistigh de chreatlach an gheilleagair chliste.



## Glas: An Deis

Tá baint stairiúil na hÉireann leis an dath glas nasctha lenár dtírdhreach talmhaíochta gan mhilleadh agus lenár n-aeráid mheasartha. Sainaithnítear, le tamall anuas, úsáid na linne seo as an dath 'glas' leis an gcúram i leith an chomhshaoil nádúrtha a thabhairt le fios, mar dheis nádúrtha mhargaíochta d'agraibhia na hÉireann ar féidir é a neartú. Ba cheart an caidreamh seo a bheachtú agus cumarsáid a dhéanamh air sna deich mbliana amach romhainn. Chuirfeadh sé seo tiomantas na hÉireann do phrionsabail na hinbhuanaitheachta agus do chur i bhfeidhm cleachtas comhshaoil den chéad scoth in iúl.

Tá mórchórais táirgthe ionchuir ísil na hÉireann atá bunaithe ar fhéar ina mbunús lena haitheantas glas. Tá an-diongbháilteacht á léiriú ag an tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn lena chuid tionchair dhiúltacha chomhshaoil a laghdú a mhéad agus is féidir, in ainneoin gur gníomhaíocht i bhfad níos deireanaí í seo.

Má dhéantar infheistíocht mharthanach, má leagtar amach cur chuige comhoibritheach idirdhisciplíneach agus má bhítear níos dírí ó thaobh na margaíochta de, féadfaidh Éire bheith ar comhchiall le táirgeadh táirgí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neamhdhíobhálach don leas. Tuigeann tomhaltóirí i margaí tábhachtacha go bhfuil siad ag cur luacha agus ag tabhairt measa don chomhshaol nádúrtha ach táirgí Éireannacha a cheannach.



## An Comhthéacs Domhanda

Sna blianta aníos go 2020, caithfidh sé go mbeidh níos mó éilimh ar bhia ag féachaint d'fhás mór an daonra ar fud na cruinne. Sa bhliain 1999, bhí de bhreis ar shé bhilliún duine ar an domhan den chéad uair. Beidh seacht mbilliún duine ar an domhan in 2012 agus beidh ocht mbilliún air faoin mbliain 2025. Sa mhullach air sin, tá forbairt ghasta gheilleagrach i dtíortha fearacht na Brasaíle, na Rúise, na hIndia agus na Síne, ag cruthú tomhaltóirí nua sofaisticiúla a éilíonn réitigh nua éagsúla bhia. Maidir leis na margaí níos aibí san AE agus i SAM, beidh tomhaltóirí de shíor sa tóir ar bhianna lena ngabhann tréithe sláinte, folláine agus inbhuanaitheachta atá soiléir agus inchreidte, agus beidh siad sásta níos mó a íoc astu. Is iomaí deis do tháirgí bia agus dí na hÉireann a tháirgtear go nádúrtha sa chomhthéacs seo, má fhanann an tionscal iomaíoch agus tiomanta don chosaint láidir is fearr ar an gcomhshaol. Leis an gcumas seo a bhaint amach, ní foláir do thionscal agraibhia agus iascaigh na hÉireann an smaointeoireacht chliste a chur i gcroílár a straitéise agus a chuid gníomhartha. Caithfidh cuideachtaí Éireannacha margaí nua a lorg agus sruthanna nua táirge a fhorbairt a dhéanann freastal ar éileamh tomhaltóirí atá ag athrú. Anuas air sin, ní mór dóibh bealaí nua a chruthú d'fhonn aitheantas na hÉireann maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol a dhearbhú agus díriú ar scoth an mhargaidh le táirgí ardluacha.

Tá cáil ar Éirinn cheana féin mar tháirgeoir maith bia, ach ní féidir linn a bheith bogásach. Tig linn machnamh a dhéanamh ar chineálacha nua cur chuige i dtaca le taispeáint an aitheantais seo má táimid réidh glacadh leis an gcur chuige cliste. Chuige sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhiúntas íomhá margaíochta níos iomlánaíche a chur chun cinn bunaithe ar an gcoincheap 'Branda na hÉireann', a d'fhéadfadh ról na hÉireann mar tháirgeoir bia nádúrtha a nascadh lena tarraingteacht shoiléir mar cheann scríbe turasóireachta. Má thuigtear gur scáil na cuairteoirí uile ar ár dtomhaltóirí agus ar ár gcustaiméirí, d'fhéadfadh tionscal bia na hÉireann fógairt go bhfuil sé ar oscailt le haghaidh cigireachta ach a rá le cuairteoirí, sa bhealach cairdiúil neamhfhoirmiúil atá Éireannach agus nua-aimseartha araon, 'tabhair cuairt orainn'?

Is tábhachtach béim a leagan ar an ngá le tús áite a thabhairt d'fheabhsú an iomaíochais i ngach roinn mhargaidh, in ainneoin gur sprioc ar leith scoth an mhargaidh don gheilleagar cliste glas agraibhia. Caithfidh táirgeoirí amharc ar chórais nua agus ar chórais atá ag teacht chun cinn le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe agus ní mór dóibh a thuiscint go bhfuil baint lárnach ag geilleagair mhéadaitheacha scála agus ag éifeachtacht táirgeadh le laghdú ar chostais. Maidir leis an tionscal, tá gá le daingniú má tá cuideachtaí le dul san iomaíocht leis na hiomaitheoirí móra atá chun tosaigh i margaí an domhain san am i láthair.

***Meastar i Fhómhair Bia 2020*** go mbeidh níos mó tuisceana ag cuideachtaí Éireannacha ar an gcás go mbeidh roinnt acmhainní trí thionscnaimh straitéiseacha ina cuid lárnach de ghiniúint eolais, le treochtaí tomhaltóra agus margaidh a lorg agus leis an leas is fearr a bhaint as caipiteal daonna an tionscail. Beidh daingniú, comhoibriú agus 'co-opetition' ina chroílár.

Tagairt 'co-opetition' do chinneadh straitéiseach na gcuideachtaí oibriú as láimh a chéile i margaí ina mbeadh roinnt acmhainní b'éifeachtaí, ach go bhfanfaidís san iomaíocht lena chéile i margaí ina mbeadh sé seo ina rogha phragmatach. Ar shamplaí den 'co-opetition' bheadh baill de shlabhra soláthair ag oibriú as láimh a chéile le caighdeán a fheabhsú agus/nó costais a laghdú, nó gnólachtaí ag oibriú as láimh a chéile le custaiméir mór a sholáthar.

Maidir leis an bhfís chliste i dtaobh cineálacha nua cur chuige, caithfidh cuideachtaí Éireannacha a thuiscint, i dtaca le timpeallacht ina bhfuil níos lú maoinithe á chur ar fáil ag an státchiste, gur den riachtanas iad bealaí nua comhoibrithe sa tionscal féin agus ar fud an tslabhra soláthair faoi choinne an taighde, na cruthaitheachta agus na nuálaíochta atá mar bhonn agus taca le fás easpórtálacha ardluacha. Beidh siad seo ina mbunús le cinntiú go gcruthóidh an tionscal níos mó deiseanna fostaíochta i leith cúrsaí próiseála agus táirgthe, go bhfeabhsaítear cobhsaíocht ioncaim agus go ndaingnítear torthaí réasúnta le haghaidh táirgeoirí príomha agus le haghaidh an ghnó.

Beidh caighdeán fíoraithe comhshaoil maidir le hearnáil na feirmeoireachta, le hearnáil na hiascaireachta agus le hearnáil na próiseála bia i gcroílár fáis chliste ghlais. Agus tuiscint ar a thábhachtaí atá rialuithe feabhsaithe comhshaoil d'uasmhéadú torthaí easpórtála, oibreoidh an tionscal go comhoibritheach le cinntiú go gcosnófar an comhshaol agus, más féidir, é a fheabhsú.

## Fás Inbhuanaithe: An Sprioc

Agus earnáil an agraibhia agus na iascaigh de chuid na hÉireann á hullmhú féin le haghaidh a thabhairt ar ionchais na gcustaiméirí agus ar éilimh na miondíoltóirí atá ag athrú sna deich mbliana amach romhainn, beidh sochar na dúthrachta i leith cur chuige cliste glas le sonrú i bhfás inbhuanaithe. Céimeanna fíorthábhachtacha iad íoslaghdú costas ionchuir agus dáilte, agus fíorú aitheantas comhshaoil agus bhunchaighdeán tháirgí bia agus dí na hÉireann i leith chumas iomlán na hearnála brabúsacht fhadtéarmach a bhaint amach. Braithfidh fás inbhuanaithe ar a leanas, leis: dul i ngleic le scoilteadh; daingniú i dtaca le cúrsaí próiseála; aghaidh a thabhairt ar Fhorbairt Táirge Nua do chustaiméirí, agus ar fheachtais chomhordaithe mhargaíochta a bhfuil acmhainní curtha ar fáil dóibh, lena n-áirítear na cinn sin atá faoi bhratbhranda d'Éirinn.

Cuirfear cuntas teiste an tionscail maidir lena chuid custaiméirí éagsúla a shásamh faoi scrúduithe breise tríd an bpróiseas seo, agus le go mbeidh toradh rathúil ar deireadh, ní mór d'Éirinn a cumas a léiriú i dtaca le bheith chun tosaigh i dtáirgeadh ardchaighdeáin bhia gan cur isteach ar a cumas éifeachtachta.

Fís d'earnáil fhuinniúil a dhéanann freastal ar thomhaltóirí atá sa tuarascáil seo. Meastar gur earnáil í ar féidir fás inbhuanaithe bheith fúithi in ainneoin na ndúshlán leantach a bhaineann le luaineacht i gcostais ionchuir agus i bpraghsanna domhanda bia. Tá samhail tionscal bia a spreagann nuálaíocht d'fhonn torthaí ardchaighdeáin a tháirgtear go héifeachtúil a sholáthar ina chroílár.



## Spriocanna Fáis do 2020

- Ar bhonn na sonraí atá ar fáil, tá an Coiste den tuairim gur féidir na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain 2020:

- Luach na táirgeachta príomha a mhéadú faoi €1.5 billiún in earnáil na talmhaíochta, an iascaigh agus na foraoiseachta. Is ionann é seo agus méadú 33% i gcomórtas le meán 2007-2009.

- An luach a chuirtear le hearnáil an agraibhia, an iascaigh agus na dtáirgí adhmaid a mhéadú faoi €3 bhilliún. Is ionann é seo agus méadú 40% i gcomórtas le 2008.

- Sprioc easpórtála €12 bhilliún a bhaint amach don earnáil. Is ionann é seo agus méadú 42% i gcomórtas le meán 2007-2009.

## Overall Vision

### Bí cliste

- Tabhair tús áite do thaighde agus d'fhorbairt
- Cuir feabhas ar scileanna
- Bain an leas is fearr as an nglacadh le dea-chleachtas
- Cothaigh an chruthaitheacht agus an fhiontraíocht
- Réasúnaigh agus comhoibrigh ag leibhéal an tionscail
- Cuir feabhas ar an díriú ar roghanna tomhaltóirí
- Déan athbhreithniú ar thacaíocht institiúide agus an t-ualach rialála

### Bí glas

- Tabhair tús áite do chosaint an chomhshaoil
- Bain sochar as buntáistí agus as acmhainní nádúrtha
- Cruthaigh creidiúnacht chomhshaoil trí thaighde agus trí ghníomhartha
- Déan forbairt ar bhratbhranda 'branda na hÉireann'
- Sásaigh riachtanais agus roghanna tomhaltóirí
- Caomhnaigh an bhithéagsúlacht
- Ailínigh inbhuanaitheacht thar an slabhra soláthair

### Bain fás amach

- Méadaigh luach na táirgeachta príomha faoi €1.5 billiún in earnáil na talmhaíochta agus an iascaigh faoin mbliain 2020
- Méadaigh táirgeacht bhreisluacha faoi €3 bhilliún faoi 2020
- Bain sprioc easpórtála €12 bhilliún amach faoin mbliain 2020

# An Comhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

# An Comhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

**Tábhacht Earnáil an Agraibhia agus an Iascaigh: Sracfhéachaint**

**Cuireann sí nach mór €24 billiún d'olltáirgeacht bhliantúil ar fáil**

**Tá de bhreis ar 150,000 duine ar fostú díreach aici**

**Soláthraíonn sí an margadh le haghaidh na dtáirgí ó 128,000 feirm theaghlaigh na hÉireann.**

**Is ionann í agus 60% de na heaspórtálacha déantúsaíochta de chuid gnóthais dhúchasacha**

**Amhábhair intíre iad 71% dá cuid amhábhar**

## 2.1 Léargas Ginearálta

Is í earnáil an agraibhia agus an iascaigh an tionscal dúchasach is tábhachtaí in Éirinn. Tuigtear go forleathan go bhfuil ról tábhachtach aici i mbiseach geilleagrach na hÉireann atá bunaithe ar easpórtálacha. Tá €7 billiún ag an earnáil i dtaca le heaspórtálacha; is ionann é seo agus níos mó ná leath na n-easpórtálacha déantúsaíochta ag gnóthais faoi úinéireacht Éireannach agus déanann sí freastal ar de bhreis ar 160 ceann scríbe easpórtála.

Is é fís na tuarascála seo an luach easpórtála seo a mhéadú go €12 bhilliún faoin mbliain 2020.

Baineann an-tábhacht le dáileadh geografach earnáil an agraibhia agus an iascaigh i dtaca le haon mheasúnú ar a saibhreas agus ar a cumas fostaíocht a chruthú amach anseo, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ar leith aici i gcreatlach shocheacnamaíoch na bpobal tuaithe agus na bpobal cósta.

D'éirigh ról na feirmeoireachta i maoirseacht an tírdhreacha nádúrtha i bhfad níos infheicthe le deich mbliana anuas agus soláthraíonn sí ardán láidir le haghaidh fhorbairt thuath na hÉireann amach anseo atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, atá cuimsitheach go sóisialta agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Lig cuid mhór infheistíochta i dtaighde talmhaíochta, muirí agus bia le deich mbliana anuas do chuideachtaí na hÉireann saineolas fadréimseach a thiomsú, go háirithe maidir le hearnálacha ríthábhachtacha an déirí agus na mairteola. Lámh chúnta í an infheistíocht seo le haghaidh straitéise amach anseo ina mbeidh nuálaíocht agus difreáil ag cuideachtaí móra fuinniúla nuálaíocha bia na hÉireann; tá cuid mhór acu seo bunaithe go tréan i margaí easpórtála.

Mar gheall ar infheistíocht agus ar nuálaíocht, neartaíodh agus cosnaíodh earnáil na feola agus earnáil an déirí, an dá earnáil cheannródaíochta easpórtála in Éirinn go traidisiúnta. Méadaíodh iad freisin de thoradh saineolas ceannródaíochta domhanda i gcomhábhair, i mbainne foirmle

do naíonáin agus i mbianna eile feidhme agus ullmhaithe do thomhaltóirí. Mhéadaigh anrud infheistíochta i gcúrsaí margaíochta in earnáil na ndeochanna meisciúla dul i bhfód ar an margadh idirnáisiúnta maidir le biotáillí na hÉireann go níos mó ná 100 tír ar fud na cruinne agus cruthaíodh caidre de bhrandaí tábhachtacha a shainaithnítear ar fud an domhain.

Tá teacht chun cinn mórearnáil bhia ceardaí, mar fhreagairt ar éilimh tomhaltóirí ar tháirgí bia láimhe a tháirgtear go háitiúil, ina bhunús le sruth nua fiontraíochta san earnáil, agus tá cuid mhór acu i mbun forbairt ghasta ó mhiocraonáin go cuideachtaí beaga agus meánmhéide bia atá ina n-ambasadóirí an-éifeachtacha do chultúr bia na hÉireann thar lear.

Gan dabht ar bith, beidh dúshláin os coinne an tionscail sna deich mbliana amach romhainn Má rachfar i ngleic leo, áfach, ar bhealach comhordaithe 'cliste' atá dírithe go straitéiseach, díghlasálfar an tréan cumais atá ann táirgeacht agus luach iomlán earnáil an agraibhia agus an iascaigh a mhéadú do gheilleagar na hÉireann.

De réir a chéile, sainaithneofar sa phróiseas seo nach mór go mbeadh níos mó i gceist le cumas thalmhaíocht agus iascaigh na hÉireann fostaíocht a chruthú ná sainmhíniú docht 'táirgeadh bia' le táirgí cultúrtha atá nasctha leis an gcomhshaol agus leis an turasóireacht a ionchorprú. Forbraíodh turasóireacht nideoige i réimsí na turasóireachta bia agus muirí, na gconairí talmhaíochta-geilleagair agus an tionscail cheardaíochta le deich mbliana anuas. Tá cumas ag straitéis chomhtháite agraibhia turasóireachta freastal ar dhéimeagrafach turasóirí atá ag méadú a bhfuil dúil acu i dtaithí bharántúil chócaireachta, idir chonairí bia agus chúrsaí cócaireachta, agus é seo á dhéanamh, béim a leagan ar an gcás go bhfuil bainistiú rathúil ar acmhainní tuaithe ina ghnáthchuid de thionscal agraibhia na hÉireann.

Caithfidh córas iomaíoch táirgthe bia atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de bheith mar bhonn agus taca ag na forbairtí seo. Agus aird á tabhairt ar spriocanna atá ag teacht chun cinn i ndáil le hathrú aeráide agus le slándáil bia idirnáisiúnta, beidh tionchar ag an mbealach a ndéileálann Éire agus a ndéantar bainistiú éifeachtach ar an dá dúshlán seo le chéile ar a hiomaíochas amach anseo.
Timpeall na cruinne, éireoidh dúshláin bhainistíochta níos déine faoi mar a bheidh gá le táirgeadh breise bia le freastal ar dhaonra an domhain a bhfuil méadú ag teacht air. Sa chomhthéacs seo, sainaithneoidh tionscal agraibhia agus iascaigh na hÉireann, agus é ag feidhmiú go 'cliste', go spreagann inbhuanaitheacht an chomhshaoil fás fadtéarmach agus gur uirlis chumhachtach mhargaíochta í agus deis iontach d'Éirinn bealaí a aimsiú chun í féin a dhifreáil agus dul i gceannas ar mhargadh atá ag éileamh táirgí bia ísealcharbóin i gcónaí.

## 2.2 An Comhthéacs Náisiúnta Fioscach agus Geilleagrach

Cé go leagtar béim sa tuarascáil seo ar an ngá amharc níos faide chun tosaigh ná na dúshláin gheilleagracha atá os ár gcoinne san am i láthair, is tábhachtach a thuiscint nach mór go mbeadh aon chreatlach atá teacht chun cinn bunaithe ar réaltachtaí fioscacha náisiúnta atá ag teacht chun cinn, leis. Leagann sé seo paraiméadair dhochta airgeadais síos maidir le méid iomlán an mhaoinithe Stáit atá ar fáil faoi choinne forbartha, go háirithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Beidh aon athbheartú tosaíochta atáthar ag brath a dhéanamh ar bheartas arna eascairt ón tuarascáil ar bhonn ath-leithdháileadh na n-acmhainní atá ann cheana féin seachas aon fhoinsí nua de mhaoiniú stáit a chur ar fáil.

Ní foláir amharc ar ionchais gheilleagracha agus aird ar rioscaí ráta malairte a meádh go díréireach ar an taobh diúltach le blianta beaga anuas. Meastar gurbh ábhar deacrachta d'easpórtálaithe na hÉireann laige Steirling i gcomparáid leis an Euro, go háirithe in 2009 agus go luath in 2010, i leith coinneáil iomaíochais i bpríomh-mhargadh easpórtála na hÉireann chomh maith lena gcumas dul san iomaíocht le heaspórtálaithe na RA i margaí eile tábhachtacha.

Leagtar amach sa chreatcháipéis, Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann: Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe, beartas an Rialtais faoi choinne

dul i ngleic leis an dúshlán reatha geilleagrach. Léirítear a cur chuige maidir le hiomaíochas a mhéadú, le hinfheistiú i nuálaíocht agus i dtaighde, le geilleagar inbhuanaithe glas a fhorbairt agus leis an mbeartas fioscach sa tuarascáil seo.

## 2.3 Margaí Tráchtearraí an Domhain agus Margaí Tráchtearraí an AE aníos go 2020

Tréithríodh margaí idirnáisiúnta tráchtearraí de réir mórluaineacht shuntasach. Meastar go mbeidh siad le sonrú go ceann tamall eile sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Sna blianta beaga amach romhainn, beidh luaineacht phraghais á cur chun cinn ag athruithe soláthair, ag athrú aeráide, ag praghsanna ola, ag beartais fuinnimh (dála tiomantais do tháirgeadh bithbhreoslaí) agus forbairtí ar bheartais talmhaíochta agus trádála.

Ar a shon sin, in ainneoin an chúlaithe atá ar bun ar fud na cruinne i rith an ama seo agus in ainneoin éiginnteacht mhéadaithe an mhargaidh, is dearfach an dearcadh domhanda talmhaíochta. Ó thaobh na hÉireann de, tá breis ionchais dhearfacha mhargaidh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma bunaithe ar éileamh méadaithe domhanda ar tháirgí déiríochta, ar easnamh sholáthar mairteola an AE atá ag méadú, ar forbairt gheilleagrach agus ar fhás an daonra i dtíortha i mbéal forbartha agus, laistigh den AE agus na SA, ar éilimh ar leith ar dhaonra flúirse aosaithe.

## 2.4 Creat Beartais an AE aníos go 2020

Soláthróidh an Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) an príomhchreat beartais le haghaidh fhorbairt na bpríomhthionscal talmhaíochta agus agraibhia aníos go dtí an bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin. Níor cuireadh tús le hidirbheartaíocht fhoirmiúil go fóill ar an CAP i ndiaidh 2013 agus ní cosúil go gcomhaontófar ar shonraí iomlána faoi aon socruithe nua don CAP go dtí go mall sa bhliain 2012. Dá bhrí sin, i láthair na huaire, tá éiginnteacht le sonrú maidir le méid agus le cineál na tacaíochta don earnáil amach anseo. Tá Rialtas na hÉireann an-díríthe ar bhuiséad an CAP agus ar sciar na hÉireann de mhaoiniú an AE a chosaint san idirbheartaíocht atá ag druidim linn, agus aontaíonn an Coiste leis na haidhmeanna seo. Maidir leis na bearta ar leith atá sa CAP, leagfadh an Coiste béim ar a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as cibé rogha náisiúnta a cheadaítear le tacú leis na straitéisí a leagtar amach sa cháipéis seo, a dhíríonn ar fheabhsú ár n-iomaíochais agus ar chinntiú inbhuanaitheacht fadtéarmach na hearnála.

Is féidir le tionchar mór bheith ag an talmhaíocht ar an gcomhshaol, lena n-áirítear soláthar seirbhísí comhshaoil amhail bithéagsúlacht, rialú tuile agus triomaigh, agus mar linn charbóin. Ar ndóigh, d'fhéadfadh tionchar diúltach bheith aici ar an gcomhshaol fosta, agus ó thaobh bheartas an AE agus bheartas na hÉireann féin de, ní foláir an CAP a oiriúnú ionas go mbeidh a rialacha comhoiriúnach le riachtanais chomhshaoil. Ina theannta sin, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Threoracha an AE, macasamhail na Creat-treorach Uisce agus na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, le comhlíonadh dlíthe comhshaoil a fheabhsú. Maidir le hathrú aeráide, leanfaidh siad ar aghaidh le hinfheistíochtaí taighde agus cuirfidh siad le hiarrachtaí le glacadh na dteicneolaíochtaí maolaithe atá ann cheana féin a fheabhsú.

Is ríthábhachtach an creat beartais idirnáisiúnta trádála don earnáil freisin, faoi mar a chinntear trí chomhaontuithe réigiúnacha trádála agus trí chomhaontuithe trádála an WTO. Dá bhrí sin, is fíorthábhachtach go leanfar de léiriú phríomhleasanna agraibhia na hÉireann go hiomlán i gcuid an Rialtais i leith na hidirbheartaíochta seo.

Is é an Comhbheartas Iascaireachta (CFP) an príomhspreagthóir beartais le haghaidh iascach, próiseáil bia mara agus dobharshaothraithe aníos go dtí an bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá an beartas seo á athchóiriú agus tiocfaidh an Comhbheartas Iascaireachta nua i bhfeidhm sa bhliain 2013. Tá seachadadh creat beartais tacaíochta san AE fíorthábhachtach d'earnáil bhia mara na hÉireann amach anseo agus do chinntiú go gcoinneoidh sé rochtain ar an mbunachar acmhainní a mbraitheann an tionscal air go hiomlán agus go gcuirfidh sé leis.

# Fás agus Iomaíochas

2020

# Fás agus Iomaíochas

## 3.1 Léargas Ginearálta

**Sna deich mbliana amach romhainn, braithfidh fás cliste ar tháirgiúlacht fheabhsaithe, ar scála méadaithe, ar thaighde spriocdhírithe, agus ar scileanna feabhsaithe agus cumas eagraíochtúla. Cuirfidh gnólachtaí feabhas ar scála agus ar tháirgeacht trí réasúnú agus trí chomhoibriú.**

Beidh fás le sonrú, leis, de dheasca prionsabail ghlasa, lena n-áirítear ailíniú níos fearr le roghanna na gcustaiméirí atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de, acmhainní in-athnuaite a uasmhéadú d'fhonn dramhaíl agus costais ionchuir a laghdú, agus glacadh go gníomhach le córais táirgthe bia inbhuanaithe iniúchta.

Sainaithnítear sa mhaitrís a leanas na príomh-shaincheisteanna iomaíochais agus fáis a bhfuil tionchar acu ar earnálacha aonair. Maidir leo uile, áfach, féadtar coitiantacht saincheisteanna iomaíochais a shainaithint a leathann ar fud leibhéal príomha agus leibhéal próiseála. Sainaithnítear nádúr inmheánach agus seachtrach na srianta freisin, agus sainaithnítear na réimsí go soiléir a bhfuil an tionscal féin sa staid is fearr le haghaidh a thabhairt orthu.

## Na Tosca is Mó a Dhéanann Difear d'Fhás agus d'Iomaíochas

**Tosca a Mheastar atá Ríthábhachtach (C), Tábhachtach (I) nó Tacúil (S)**

| | Táirgeacht Phríomha | | | | | Tionscal | | Príomhrialú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Feoil** | **Déirí** | **Iascach** | **Foraoiseacht** | **Arbhar/ gairneoireacht** | **Príomhphróiseáil** | **Bia agus deochanna breisluacha** | **Laistigh/lasmuigh de thionscal** |
| **Costais ionchuir agus an timpeallacht ghnó** | | | | | | | | |
| Fuinneamh | S | I | C | C | I | C | C | EX |
| Bainistíocht dramhaíola/fóntais | I | I | S | S | S | C | C | IN/EX |
| Obair | I | I | I | S | I | C | C | IN/EX |
| Táillí gairmiúla | I | I | S | S | S | I | S | EX |
| Árachas Creidmheasa Easpórtála | - | - | - | - | - | I | I | EX |
| Rochtain ar Chaipiteal | C | C | C | C | C | C | C | EX |
| Rialáil Earnála | I | I | I | I | I | I | I | EX |
| **Cumraíocht Tionscail** | | | | | | | | |
| Scála/Athstruchtúrú | C | C | C | C | C | C | C | IN |
| Rochtain ar thalamh | C | C | - | C | C | - | - | IN/EX |
| Leibhéil táirgiúlachta | C | C | C | C | C | C | C | IN |
| Cumas eagraíochtúil | - | - | I | - | - | C | C | IN |
| Comhchruinniú miondíola/slabhra soláthair | I | I | I | I | C | I | I | IN |
| Riosca Steirling | I | I | I | I | I | C | C | IN/EX |
| Slabhra inbhuanaithe soláthair | C | C | C | C | C | C | C | IN |
| **Bonneagar Eolais** | | | | | | | | |
| Scileanna, oiliúint agus oideachas | C | C | C | C | C | C | C | IN/EX |
| Taighde agus nuálaíocht | C | I | I | I | I | C | C | IN/EX |
| Aistriú teicneolaíochta | C | C | I | I | I | I | C | IN/EX |
| Eolas ar an margadh | S | S | I | - | C | I | I | IN |
| Freagrúlacht ar threochtaí tomhaltóra | S | S | S | - | S | I | C | IN |
| Brandáil agus lipéadú | S | S | I | - | S | C | C | IN/EX |
| **Timpeallacht Beartais** | | | | | | | | |
| Comhaontuithe Idirnáisiúnta | C | C | C | I | C | C | C | EX |
| Rochtain ar an margadh | S | S | S | - | S | I | S | EX |
| Beartas Comhshaoil | C | C | C | C | C | C | C | EX |
| Slándáil Bia | S | S | S | - | S | S | S | EX |
| Creatlach um Thacaíocht Institiúide | I | I | I | I | I | I | I | EX |

## Maoiniú na hEarnála

Sa ghearrthéarma, is saincheist thábhachtach bhainistíochta do thionscal an bhia í leachtacht agus rochtain ar línte creidmheasa. Is riachtanaí i bhfad scrúdú a dhéanamh ar bhealaí féideartha le riosca a bhainistiú san earnáil agus aird ar an luaineacht bhreise atá léirithe ag margaí tráchtearraí le blianta beaga anuas.

- Ba cheart go ndéanfadh an DAFF agus páirtithe leasmhara ábhartha scrúdú ar ról féideartha straitéisí nua i leith bainistíocht riosca, fearacht iontaoibh níos mó ar chórais árachais le rioscaí margaidh agus táirgthe a chuimsiú, go háirithe agus aird ar phlé an CAP i ndiaidh 2013.
- Ba cheart go ndéanfadh bainc na hÉireann, i gcomhar le ranna ábhartha an Rialtais (DAFF agus an Roinn Airgeadais), scrúdú ar an scóip le haghaidh úsáid mhéadaithe modhanna ar nós morgáistí airnéise agus lascainiú sonrasc.
- Ba cheart don DAFF scrúdú a dhéanamh ar spriocdhíriú méadaithe thacaíochtaí an Stáit don earnáil d'fhonn iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn níos mó.
- Ba chóir sainmhonatóireacht a dhéanamh ar sholáthar creidmheasa do na hearnálacha feirmeoireachta, iascaigh, bia agus bhunphróiseála agus ba cheart sainmhonatóireacht a dhéanamh ar SMEanna deochanna ag féachaint do chinntiú nach gcuirtear bac ar bhorradh gnólachtaí inmharthana trí easpa creidmheasa. Ba cheart tacú le réitigh ar sholáthar creidmheasa trí obair na hOifige um Athbhreithniú Creidmheasa agus an Ghrúpa Imréitigh um Sholáthar Creidmheasa araon.
- Ba cheart don Rialtas machnamh a dhéanamh ar shainriachtanais earnáil an bhia agus na ndeochanna agus iad ag déanamh plé ar scéim i dtaobh árachas creidmheasa easpórtála.

## An Tacar Scileanna a Fheabhsú

Beidh na daoine a oibríonn san earnáil ina bpríomhchinntitheach ar rath na hearnála agraibhia de chuid na hÉireann amach anseo. Tá gá leanúnach leis na daoine is fearr a fháil don earnáil agus le scileanna ceannasaíochta agus bainistíochta na ndaoine a oibríonn sna tionscail talmhaíochta, iascach agus bhia a fheabhsú. Beidh eolas agus freagrúlacht ar roghanna tomhaltóirí atá ag athrú tábhachtach maidir le faobhar iomaíoch a choinneáil. Ní foláir an oiread eolais agus feasacht ghinearálta atá ar fáil i ndáil le cosaint agus le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil a fheabhsú ar fud na hearnála. Ní mór bunachar eolais na ndaoine a oibríonn sa tionscal a nuashonrú agus a fhorbairt ag an uile leibhéal. Beidh ról tábhachtach le himirt ag ollscoileanna, ag institiúidí teicneolaíochta, ag Fiontraíocht Éireann agus ag Teagasc i bhforbairt caipitil dhaonna. Léiríonn moladh na straitéise seo i ndáil le bonneagar eolais na leibhéal feirme agus tionscail a fheabhsú cáipéis Fhorfás in 2009, Tuarascáil an tSainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí in Earnáil Bia agus Deochanna na hÉireann.

## Eolas Nua a Chruthú

Tá ról fíorthábhachtach ag Teagasc, ag Foras na Mara, ag ollscoileanna agus ag institiúidí eile tríú leibhéal i gcruthú agus i scaipeadh eolais nua a mhéadóidh brabúsacht agus inbhuanaitheacht thionscail feirmeoireachta, iascaigh agus bhia na hÉireann. Beidh an-tábhacht ag baint le taighde spriocdhírithe agus le cruthú eolais nua maidir le baint amach fás cliste glas sna hearnálacha talmhaíochta, iascaigh agus bia.

Beidh comhpháirtíocht leis an tionscal ar an ní is tábhachtaí i leith aistriú na dteicneolaíochtaí eolais agus na dteicneolaíochtaí nua a bhuntacóidh le nuálaíocht, le brabúsacht, le hiomaíochas agus le hinbhuanaitheacht eolaíochta san earnáil. Caithfear díriú ar ghnóthú torthaí lena ngabhann cumas gasta i dtaobh tionchar geilleagrach agus sóisialta. Ina theannta sin ní mór sláinte an duine a chosaint, cothú a fheabhsú agus tionchair chomhshaoil agus athrú aeráide a laghdú.

## 3.2 Fás agus Iomaíochas Feirme

B'ionann olltáirgeacht iomlán ó 128,000 feirm na hÉireann agus €4.7 billiún in 2009. Is léir gur gá tabhairt faoi athstruchtúrú feirme ó shonraí na Suirbhéireachta Náisiúnta ar Fheirmeoireacht, ina sainaithnítear an easpa brabúsachta atá ina saincheist mhór ag bunús uile fheirmeacha na hÉireann. (Fíor 1)

**Fíor 1: Ioncam Feirm Theaghlaigh in aghaidh an heicteáir (FFI), lena n-áirítear Íocaíochtaí Díreacha agus Céatadán na bhFeirmeacha atá Inmharthana ó thaobh an Chomhshaoil de* de réir Cineál Feirme, 2008**




Foinse: Anailís rúnaíochta bunaithe ar shonraí na Suirbhéireachta Náisiúnta ar Fheirmeoireacht de chuid Theagasc agus foinsí tagartha thíos.
* Nóta: Sainmhínítear feirm atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de mar fheirm (i) a bhfuil de chumas aici luach saothair teaghlaigh a íoc de réir an mheánphá talmhaíochta, agus (ii) a bhfuil de chumas aici táirgeacht 5% sa bhreis a sholáthar ar shócmhainní neamhthalún (Frawley agus Commins, 1996). Baineadh úsáid as meánphá talmhaíochta 2007 €14,908 le cuid na bhfeirmeacha a ríomh i ngach fochatagóir atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de.

In ainneoin thábhacht ról na bhfeirmeacha seo i gcothabháil an tírdhreacha tuaithe agus i soláthar earraí poiblí, is léir gur fíorthábhachtach scála méadaithe, táirgiúlacht fheabhsaithe agus díriú margaidh le fás a chothú amach anseo san earnáil. Ní bheidh sé de chumas ach ag feirmeacha atá i mbun feidhme de réir na gcaighdeán is airde éifeachtacht agus inbhuanaitheacht dul i ngleic leis na dúshláin iomaíocha amach anseo.

**Ní mór an próiseas athstruchtúraithe a thréithrigh talmhaíocht na hÉireann le blianta beaga anuas a luathú. Stiúrann réaltachtaí an mhargaidh gur ríthábhachtach dearcadh láidir tráchtála d'fhonn inmharthanacht a fheabhsú agus le torthaí dóthanacha agus le fás fadtéarmach a chinntiú. Mura dtógann daoine agus an Stát na céimeanna riachtanacha, le scála a fheabhsú agus le brabúsacht a mhéadú, cuirfear todhchaí na hearnála i gcontúirt.**

Tá anailís earnála de réir earnála ina príomhchuid den tuarascáil seo agus téann sí i ngleic le saincheisteanna earnála amháin ar cheart iad a bhreithniú i gcomhar leis na moltaí earnála seo.

### Dul i nGleic le Dúshláin Feirme

**Athstruchtúrú**

- Ba cheart don DAFF díriú go sonrach ar iomaíochas agus ar inmharthanacht i mbearta ar bith don earnáil amach anseo.
- Ba cheart don DAFF machnamh a dhéanamh ar roghanna beartais le dul i ngleic le scoilteadh méadaithe. D'áireofaí leis seo modhanna tacaíochta le cuidiú le daingniú, dála tabhairt isteach faoisimh spriocdhírithe tar-rollta um dhíol talún.
- Ba cheart don DAFF, i gcomhar le ranna eile Rialtais, baic ar shoghluaisteacht talún a shainaithint agus a bhaint, agus aird ar leith orthu siúd atá i scéimeanna reatha an AE agus an Stáit. Ba cheart aon bhacainní ar fhoirmiú comhpháirtíochta nó ar aon samhlacha eile nua feirmeoireachta a bhaint.

- Ba cheart don DAFF gach scéim agus tacaíocht amach anseo, lena mbaineann maoiniú teoranta, a dhíriú ar na táirgeoirí sin is cumasaí maidir le fás agus le hiomaíochas, go háirithe ar fheirmeoirí níos óige ag a bhfuil na cáilíochtaí ábhartha agus pleananna fónta gnó.
- Ba cheart don DAFF dul i mbun idirchaidrimh le ranna ábhartha le spreagthaí reatha cánach/beartais a chothabháil d'fhonn fhorbairt fhadtéarmach na hearnála a spreagadh, lena n-áirítear léasú fadtéarmach talún, faoiseamh talmhaíochta, faoiseamh scoir, dleacht stampála agus faoiseamh stocála.

### Aistriú Iomaíochais agus Eolais

- Ba cheart do Theagasc an oiread scaipeadh agus glacadh roghanna eolais agus dea-chleachtais atá ar fáil a fheabhsú i leith iomaíochas feirme. Ba chóir tagarmharcanna ar leith a bhunú agus a thuairisciú maidir le dul chun cinn agus le comparáidí leis na príomhiomaitheoirí.
- Ba cheart do ghníomhaireachtaí ábhartha leibhéil ghlactha dea-chleachtais a mhéadú i ndáil le sláinte agus le tógáil ainmhithe.
- Ba cheart do gach páirtí leasmhar ábhartha béim níos straitéisí a leagan ar chláir chomhairleacha, fearacht fheirmeacha BETTER Theagasc a dhíríonn ar mhodhanna táirgthe ar chostas íseal.
- Mholfaí don DAFF cinntiú go ndíreofar a gcláir thaighde um leas an phobail (FIRM RSF, COFORD) ar thosaíochtaí a shainaithnítear sa tuarascáil seo agus leanúint d'éascú tógáil cumais agus ábaltachta sna hinstitiúidí taighde, chomh maith le comhoibriú idir-institiúide agus comhoibriú institiúide-tionscail a spreagadh.
- Ba cheart don DAFF leanúint de chur chun cinn baint ghníomhach taighdeoirí ó institiúidí agus ón tionscal le tionscadail, le cuibhreannais agus le tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta thaighde, lena n-áirítear, go háirithe, Creatchlár Taighde an AE.
- Mholfaí do thaighde talmhaíochta Theagasc na réimsí a leanas a chur in ord tosaíochta: i) tógáil ainmhithe; ii) meastóireacht agus úsáid; iii) taighde comhshaoil i dtaca le hathrú aeráide agus caighdeán an uisce; iv) taighde curaíochta agus bithfhuinnimh, agus; v) anailís gheilleagrach ar athrú beartais agus ar fhorbairtí margaidh i leith na talmhaíochta agus na feirmeoireachta.
- Ba chóir don DAFF, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, grúpa tábhachtach páirtithe leasmhara a chur ar bun le hearnálacha déirí agus mairteola na hÉireann a chur chun cinn mar cheannairí domhanda i réimse na géanómaíochta agus bealaí cumarsáide a fhorbairt d'fhonn roghnú feirme a spreagadh.
- Ba cheart do pháirtithe leasmhara ábhartha machnamh a dhéanamh ar bhunú fóram idirghníomhaireachta, institiúide tríú leibhéal agus tionscail, faoi chathaoirleacht an DAFF, le plé a dhéanamh agus le haghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha na hearnála i leith scileanna, oiliúna agus forbartha, agus go háirithe iad siúd lena mbaineann feirmeoirí óga agus iontrálaithe nua.
- Tá méadú ag teacht ar thábhacht na scileanna forbartha tráchtála agus bainistíochta agus ba chóir dóibh fanacht ina bpríomhchuid de na cúrsaí oiliúna a chuireann Teagasc agus na coláistí talmhaíochta ar fáil.
- Ba cheart go n-áireofaí leis na critéir cáilitheachta le haghaidh thacaíocht an Stáit gnóthú íosleibhéal níos airde oideachais nó oiliúna, chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach i roghanna comhairleacha agus méadaithe.
- Ba cheart don DAFF struchtúir a bhunú le níos mó ionchuir agus acmhainní a éascú ón tionscal feirmeoireachta i ndearadh agus i struchtúr na bpríomhchlár taighde.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar meicníochtaí maoinithe nuálaíoch d'fhonn tacú le taighde ar tháirgeadh talmhaíochta, lena n-áirítear cómhaoiniú ag an tionscal.

- Agus é ina aidhm iomaíochas agus inmharthanacht tháirgeadh na hÉireann a chinntiú, ba cheart don DAFF monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí beartais, trádála agus tráchtála ag leibhéal an AE agus ag leibhéil ábhartha eile i dtaca le húsáid teicneolaíochtaí atá ann cheana féin agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimsí ar nós na biteicneolaíochta agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe (GMOanna).
- Ba cheart don DAFF, i gcomhar le ranna agus le gníomhaireachtaí eile Stáit amhail Teagasc, Boird Fiontair Chontae, FÁS agus LEADER, oibriú le chéile d'fhonn cláir a réiteach le héagsúlú feirme a spreagadh, lena n-áirítear dearbháin nuálaíochta, agrathurasóireacht, éiceathurasóireacht, etc.

## 3.3 Fás agus Iomaíochas Tionscail

**Is ríthábhachtach cumas leanúnach thionscal agraibhia agus iascaigh na hÉireann dul san iomaíocht sa mhargadh baile agus sa mhargadh easpórtála d'inmharthanacht an tionscail aníos go dtí an bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní mór machnamh a dhéanamh ar an iomaíochas i rith an ama. Is dócha gurb é seo agus cumraíocht an tionscail agus cumas na ceannasaíochta laistigh de, na trí chinntitheach thábhachtacha a bhaineann lena rath amach anseo, chomh maith leis an ábaltacht spriocanna na tuarascála a bhaint amach.**

Tá anailís earnála de réir earnála ina príomhchuid den tuarascáil seo agus téann sí i ngleic le saincheisteanna earnála amháin ar cheart iad a bhreithniú i gcomhar leis na moltaí iomlána seo d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an tionscal.

### Dul i nGleic le Dúshláin Tionscail

**Costais ionchuir agus an timpeallacht ghnó**

- Ba cheart d'Fhiontraíocht Éireann agus d'Fhorfás tionscal na hÉireann a thagarmharcáil in aghaidh príomhiomaitheoirí idirnáisiúnta leis na príomhthosca ionchuir agus rialála a dhéanann difear d'iomaíochas a léiriú agus le líon cur chuige a mholadh d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin.
- Ní mór don Stát agus don tionscal aghaidh a thabhairt ar na príomhchostais ionchuir a bhaineann le fuinneamh, le dramhaíl agus le saothar le hailíniú níos fearr a bhaint amach le costais ár n-iomaitheoirí idirnáisiúnta.
- Ba cheart don tionscal ábhar práinne a dhéanamh de cheapadh roghanna eile CHP agus roghanna eile fuinnimh in-athnuaite.
- Ba chóir an tacaíocht a thugann an DAFF/Fiontraíocht Éireann/an Bord Bia i leith Déantúsaíocht Bharainneach agus Forbairt Bainisteoireachta a fhairsingiú.

## Cumraíocht Tionscail

- Ba cheart d'iomaitheoirí tábhachtacha plean a cheapadh le cumas sa phríomhearnáil phróiseála a dhaingniú agus a réasúnú faoi dheireadh na bliana 2010 agus comhoibriú i mbearta d'fhonn a chur i bhfeidhm a bhaint amach faoin mbliain 2015.
- Idir an dá linn, ba cheart don tionscal amharc ar mhodhanna eile comhoibrithe faoi choinne sochar straitéiseach a ghnóthú.
- Ní mór tús áite a thabhairt don nuálaíocht agus do thionscadail a théann i ngleic le laige struchtúrach san am i láthair i dtacaíocht an Stáit amach anseo le haghaidh na príomhearnála próiseála.
- Comhoibreoidh an DAFF leis an Údarás Iomaíochta le béim a leagan ar oibríochtaí domhanda na hearnála agus ar scála comparáideach a bpríomhiomaitheoirí.
- Ba chóir do ghníomhaireachtaí ábhartha an Stáit, mar Fhiontraíocht Éireann, díriú ar fhostaíocht mhéadaithe i ngrúpa spriocdhírithe cuideachtaí bia agus deochanna.
- Ba chóir do ghníomhaireachtaí ábhartha an Stáit, mar Fhiontraíocht Éireann, tacaíocht a thabhairt do SMEanna ag a bhfuil buntáiste comparáideach i margaí nideoige agus cumas cruthaithe fostaíochta.

## Bonneagar Eolais

- Ba cheart don tionscal agus don Stát tús áite a thabhairt do chur i bhfeidhm thorthaí ábhartha na tuarascála ar *Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Deochanna*.
- Ba cheart don tionscal earraíocht a bhaint as tacaíochtaí atá ann cheana féin leis an mbunachar scileanna atá san earnáil a mhéadú, go háirithe i dtaca le déantúsaíocht bharainneach, nuálaíocht, scileanna tráchtála (teanga iasachta, margaíocht, díol, easpórtáil, airgeadas) comhshaol agus ceannasaíocht.
- I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar thagarmharcanna idirnáisiúnta, creideann an Coiste gur cheart infheistíocht an tionscail i dtaighde agus i bhforbairt a dhúbailt faoi mbliain 2020 ar aon dul leis na spriocanna seo a leanas:

| Earnáil Leathan | An Meán Reatha | Sprioc 2020 |
|---|---|---|
| **Deochanna/Bácús** | 0.5% | 1.0% |
| **Bianna Feidhmeacha Déirí** | 0.5% | 1.0% |
| **Bianna Tomhaltais** | 1.1% | 2.0% |
| **Feolta Príomha** | 0.5% | 1.0% |

## Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

- Beidh cur chuige maith comhordaithe ag gach príomhiomaitheoir, idir chinn Stáit agus chinn phríobháideacha, an-tábhachtach leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis seo a bhaint amach. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar bhunú fóram nó grúpa ardleibhéil, faoi cheannaireacht an DAFF, a d'éascódh comhghníomh, a bheadh mar "theach imréiteach" d'aon saincheisteanna a thiocfadh chun cinn, agus a mholfadh aon choigeartuithe ar an straitéis i bhfianaise taithí. Tá sé tábhachtach go mbeadh a leithéid de ghrúpa faoin oiread tacaíochta agus is féidir ó fhoinsí polaitiúla agus tionscail araon.

## 3.4 Inbhuanaitheacht an Chomhshaoil

Tá inbhuanaitheacht an chomhshaoil ina riachtanas ríthábhachtach do chórais táirgthe bia an 21ú haois. Dúshlán agus deis é seo d'Éirinn, nuair a chuirtear san áireamh gurb ann cheana féin do mhórbhuntáistí margaíochta agus trádála mar thoradh ar ár n-íomhá 'ghlas'. Tá fís na Tuarascála 2020 ina fís do thionscal Éireannach bia agus deochanna atá nuálaíoch, éifeachtúil agus atá chun tosaigh ar fud an domhain i leith táirgeadh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Leis seo a bhaint amach, ní mór d'Éirinn cur lena híomhá ghlas san am i láthair agus lena tiomantas do dea-chleachtais talmhaíochta, ionas go ndéanfar bainistiú ar shaincheisteanna i leith dhíghrádú an chomhshaoil ar bhealach infhíoraithe de réir caighdeáin shainaitheanta idirnáisiúnta, agus deiseanna feabhsaithe margaíochta a chur ar fáil. Áirítear a leanas leis na réimsí gnímh:

- Cur chun cinn feirmeoireacht inbhuanaithe féaraigh agus bainistíocht ithreach.
- Cur le riachtanais inbhuanaithe fuinnimh.
- Forbairt teicneolaíochtaí nua glasa a chuireann feabhas ar chaighdeán an uisce.
- Laghdú dhéine carbóin na ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus feabhsú linnte carbóin.
- Cur le cosaint na bithéagsúlachta agus baint amach spriocanna bithéagsúlachta.
- Cinntiú cleachtais táirgthe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de le haghaidh bia mara agus dobharshaothrú.

Caithfidh Éire an leas is mó agus is féidir a bhaint as na láidreachtaí táirgthe bia is dual do thionscal agraibhia agus iascaigh na hÉireann, go háirithe ár gcóras glas táirgthe agus ár dtimpeallacht mhuirí ardchaighdeáin. Sampla den scoth é soláthar líonmhar nádúrtha fionnuisce na hÉireann. Tá sé seo ina acmhainn ar leith agus ina bhuntáiste inbhuanaithe iomaíoch. Tá feirmeacha teaghlaigh, a bhfuil ról lárnach acu i gcothabháil thírdhreach tuaithe na hÉireann, ina mórbhuntáiste eile ó thaobh cothabháil bithéagsúlachta de.

Beidh ról tábhachtach ag an Scéim Roghanna Agra-Chomhshaoil nua le mais chriticiúil feirmeoirí a choinneáil gafa le cláir maidir le cothabháil tírdhreacha, le bithéagsúlacht, le caighdeán an uisce agus le hathrú aeráide. Cur chun cinn í seo ar scéimeanna agra-chomhshaoil roimhe seo. Féadfaidh an scéim seo bunús a chur ar fáil le haghaidh forbairt córas creidiúnaithe d'fheirmeoirí le gur féidir leo a chur in iúl go bhfuil siad i mbun feirmeoireachta de réir caighdeáin chomhshaoil atá níos cuimsithí ná na bunriachtanais um dhea-chleachtas feirmeoireachta. Arís, d'fhéadfadh sé seo bheith ina acmhainn shuntasach inchreidte i dtaca le margaíocht tháirgí bia agus dí na hÉireann.

In ainneoin an mhéid thuas, is tábhachtach a shainaithint go bhféadfadh tionchar diúltach bheith ag gníomhaíochtaí talmhaíochta, iascaigh agus foraoiseachta ar chaighdeán an uisce, na hithreach agus an aeir chomh maith leis an mbithéagsúlacht. Ciallaíonn baint amach na spriocanna uaillmhianacha fáis a leagtar amach san fhís seo, aghaidh díreach a thabhairt ar na dúshláin chomhshaoil seo a bhaineann le laghdú dhéine carbóin thalmhaíocht na hÉireann agus cinntiú go ndéanann talmhaíocht na hÉireann a seacht ndícheall ár n-astuithe iomlána gáis cheaptha teasa (GHG) a laghdú.

Tá córais táirgthe beostoic ina mbunús le gáis cheaptha teasa, macasamhail meatáin agus ocsaíd nítriúil. Ar a shon sin, déantar comparáid fhabhrach idir córais táirgthe beostoic atá bunaithe ar fhéarach buan báistí agus córais eile táirgthe beostoic, mar gur féidir roghnú carbón ithreach a chothabháil nó a fheabhsú trí chur chuige cuí bainistíochta. Teastaíonn córais agus uirlisí le tacú leis seo, le hé a mheasúnú agus le hé a thomhas ionas gur féidir an méid seo a dheimhniú agus an teachtaireacht is láidre agus is féidir a fhorbairt agus a áireamh mar chuid den straitéis náisiúnta margaíochta le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe bia.

## Príomh-shaincheisteanna Comhshaoil

Leagtar béim ar na príomh-shaincheisteanna comhshaoil atá roimh earnáil an agraibhia agus an iascaigh de chuid na hÉireann i bhFíor 2.

Fíor 2: Príomh-shaincheisteanna Comhshaoil atá roimh Earnáil an Agraibhia agus an Iascaigh de chuid na hÉireann




## Athrú Aeráide

Sainmhínítear athrú aeráide mar an dúshlán comhshaoil is mó atá romhainn uile i ndáil le laghdú astuithe GHG agus le dul i ngleic le drochthionchair coinníollacha aeráide amach anseo. Tugann meastacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghníomhaíochta Theagasc, le fios go mbeidh na hastuithe GHG ó earnáil na talmhaíochta 8.5% faoi bhun leibhéil na bliana 1990 faoi 2012. Soláthraíonn an anailís ar chumas teicniúil geilleagrach maolaithe thalmhaíocht na hÉireann i leith gás ceaptha teasa, bunaithe ar theicneolaíochtaí atá ar fáil faoi láthair, do mhaolú breise 4% ar astuithe.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go dtugann réamh-mheastacháin na n-astuithe a leanfaidh an táirgeacht mhéadaithe a mheastar i roinnt earnálacha faoin mbliain 2020 le fios gurb ann do chumas leis na hastuithe a mhéadú ón earnáil. Mar shampla, d'fhéadfadh méadú 12% ar astuithe GHG tarlú de bharr na táirgeachta méadaithe a mheastar sa bhólacht náisiúnta. Ní féidir an méadú seo ar astuithe a mhaolú ach trí 'infheistíocht i dtaighde' agus trí aistriú níos fearr teicneolaíochtaí go feirm, lena n-áirítear taighde agus comhairle ar idirghabhálacha bainistíochta le roghnú carbóin in ithreacha a fheabhsú. Tá ról lárnach ag Teagasc maidir le haistriú eolais trí roinnt modhanna, lena n-áirítear an úsáid bhreise as grúpaí plé agus an clár feirme BETTER agus laethanta oscailte feirme araon.

Ní foláir measúnú a dhéanamh ar conas is féidir úsáidí éagsúla talún, i dteannta bainistíocht ithreach agus talún, forlámhú carbón ithreach a fheabhsú ar bhealach a d'fhéadfaí a thomhas, a thuairisciú agus a fhíorú d'fhonn eolas a thabhairt faoi úsáid talún agus faoi straitéis bainistíochta talún amach anseo. Bainfear an sochar is mó agus is féidir as forlámhú carbón ithreach i leith laghdú dhéine carbóin na hearnála, dá thoradh. Beidh ról tábhachtach ag roghanna foraoiseachta le cuidiú le hÉirinn a cuid spriocanna iomlána astuithe a bhaint amach. D'fhéadfaí an measúnú seo a bheartaítear a nascadh le clár taighde an EPA a bhfuil de chuspóir aige tuairisciú bliantúil ar astuithe GHG a fheabhsú gach bliain agus a nasctar leis an AE agus le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus cúnamh a thabhairt chun Éire a chur chun tosaigh mar cheannaire in eolaíochtaí athraithe aeráide; chuirfeadh sé seo lena láthair straitéiseach, lena tíreolaíocht, lena scála agus lena cuid buntáistí comhshaoil. Cabhair a bheidh anseo le buntacú leis an gcoincheap a bhaineann le hÉirinn chliste ghlas agus lena neartú.

D'fhéadfadh ról mórchúiseach bheith ag taighde faoi mhaoiniú an DAFF a dhéanann Teagasc, na hollscoileanna agus bunaíochtaí eile taighde chuige seo, leis. Thar a cheann sin, beidh ról tábhachtach ag rannpháirtíocht faoi cheannaireacht an DAFF sa Chomhthionscnamh Cláreagraithe atá ag teacht chun cinn i leith "Talmhaíocht, Slándáil Bia agus Athrú Aeráide" agus sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Thaighde ar Gháis Cheaptha Teasa Talmhaíochta faoi cheannaireacht na Nua-Shéalainne i gcinneadh a dhéanamh faoi nádúr thaighde na hÉireann sa réimse amach anseo, agus níos tábhachtaí fós, i spreagadh eolais agus i gcothú teicneolaíochtaí a fhorbraítear i dtíortha eile le dul i ngleic leis an dúshlán seo.

Tá modh iniúchta inbhuanaitheachta den riachtanas faoi choinne córais éifeachtacha bhainistíochta. D'fhéadfadh sé seo cleachtais a nascadh leis an bhfardal náisiúnta astuithe agus measúnú saolré (LCA), a chuireann déine an charbóin in iúl a bhaineann le táirgeadh tháirgí bia agus dí na hÉireann. Ní foláir go mbeadh an cur chuige LCA a úsáidtear sainaitheanta ar fud an domhain, agus go mbeadh saineolas Éireannach bainteach leis. Tá an cinntiú, más féidir, go gcuirfear an chomhairle chuí ar fheirmeoirí agus go dtabharfar an fhaisnéis chuí dóibh chomh tábhachtach céanna le ligean dóibh a gcuid modhanna táirgthe a athrú d'fhonn a ndéine carbóin in aghaidh an aonaid táirge a laghdú agus iad a dhéanamh brabúsach ag an am céanna.

Caithfidh córais bhainistíochta amach anseo um úsáid talún, um thalmhaíocht agus um uisce machnamh a dhéanamh ar thionchair fhéideartha an athraithe aeráide. D'fhéadfadh na tionchair seo bheith ina mbunús le deiseanna do chórais táirgthe atá ann cheana féin agus do bharra nua. Ní mór machnamh a dhéanamh ar dhrochthionchair an athraithe aeráide ar an earnáil, leis, agus pleananna cuí a cheapadh lena nglacadh don earnáil. Ní mór na saincheisteanna seo a bhreithniú agus aird ar na feabhsúcháin leanúnacha ar an tuiscint ar athrú aeráide.

Deis ghnó é taighde i réimse na n-astuithe GHG ó chórais talmhaíochta d'Éirinn, freisin, maidir le forbairt teicneolaíochtaí nua a bheidh riachtanach agus maidir le laghdú astuithe ón earnáil. Tá saineolas suntasach gnóthaithe ag Éirinn sa réimse seo a shainaithnítear timpeall na cruinne. Tiocfaidh margadh le haghaidh an tsaineolais agus na dteicneolaíochtaí seo chun cinn de réir mar a thagann méadú ar an éileamh ar laghdú astuithe a bhaineann le táirgeadh bia ar fud an domhain.

## Acmhainní Uisce a Chosaint

Tá uiscebhealaí na hÉireann ar cheann dár móracmhainní nádúrtha. Is iontu a fhaightear anrud speicis dhifriúla a chuireann lenár n-éiceachóras. Tá infhaighteacht fhlúirseach uisce ina bunús le mórshochar iomaíoch i leith na talmhaíochta, ach is acmhainn í nach mór bainistiú cúramach a dhéanamh uirthi. Tosaíocht náisiúnta d'Éirinn é feabhsú stádas chaighdeán an uisce. Is é an Chreat-treoir Uisce (WFD) de chuid an AE an príomhspreagthóir chun 'dea-stádas' a bhaint amach d'uisce dromchla agus do screamhuisce faoin mbliain 2015.

Is iomaí dúshláin theicniúla ann, áfach, agus d'fhéadfadh baint amach cuspóirí i leith chaighdeán an uisce faoin mbliain 2015 bheith gan bhonn i gcorrcheantar geografach dá bharr. Ar na dúshláin seo tá rátaí malla nádúrtha i dtaobh athnuachan chaighdeán an uisce, a d'fhéadfadh bheith suas le 20 bliain, agus coinníollacha talún ar leith. Ar an ábhar sin, tá an bhliain 2021 leagtha amach ag Pleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMPanna) na hÉireann mar spriocdháta níos réalaíche inar féidir mórán dobharlach, a bhfuil tionchar ag gníomhaíochtaí fearacht na talmhaíochta orthu, a athbhunú mar dhea-stádas. Déanfar athbhreithniú ar RBMPanna reatha in 2013. Tabharfar an dara sraith de phleananna isteach sa bhliain 2015.

Maidir leis an talmhaíocht, is iad na Rialacháin Níotráití príomhbhearta na Creat-treorach Uisce faoina mbeidh a ról i bhfeabhsú chaighdeán iomlán uisce na hÉireann. Tá comhlíonadh na Rialachán Níotráití faoi thacaíocht mórchaiteachas poiblí faoin Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme. Tá staidéir ar nós athbhreithniú an EPA ar na Rialacháin Níotráití agus an Chláir um Mion-Dobharcheantar Talmhaíochta faoi oibriú Theagasc le bheith críochnaithe ó 2012 amach. Léireoidh siad seo éifeachtacht na mbeart talmhaíochta sin maidir le truailliú uisce ag níotráití agus fosfáití ó fhoinsí talmhaíochta a laghdú.

Is féidir fosta go mbeidh taighde agus forbairt sna blianta amach romhainn ina láimh chúnta le réitigh a fhorbairt atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha a ghintear ar an bhfeirm go minic. Tá teicnící a bhaineann leas as ábhair bhitheolaíochta á bhforbairt le bainistiú uisce salaigh ar fheirmeacha a fheabhsú. Féadtar na réitigh seo, a bhaineann leas as acmhainní nádúrtha, a fhorbairt fosta le fadhbanna le truailliú agus le caighdeán an uisce a réiteach a ghintear lasmuigh de gheata na feirme. D'fhéadfadh an cineál seo taighde bheith ina ábhar cruthaithe fostaíochta ar deireadh san earnáil agus d'fhéadfadh sé seachthairbhe airgeadais a sholáthar trí chearta luachmhara i dtaobh maoin intleachtúil. Féadfaidh cur chuige comhtháite, a chuimsíonn éifeachtacht fheabhsaithe maidir le húsáid leasacháin (orgánach agus ceimiceach) agus bainistiú aoiligh, dul i ngleic le dúshláin chomhuaineacha na gcaillteanas nítrigine agus fosfair ó thalamh go huisce.

## An Bhithéagsúlacht a Chosaint

Saincheist thábhachtach í an bhithéagsúlacht maidir le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil i bhfás na n-earnálacha uile. Tá acmhainn luachmhar ag Éirinn i dtaca lenár mbithéagsúlacht talún agus mhuirí, chomh maith le caighdeán na hithreach. Cuireadh an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta i dtoll a chéile le cailleadh bithéagsúlachta a chosaint agus a stopadh agus le hoibleagáidí faoin Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga de chuid an AE agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch a chomhlíonadh. In ainneoin na dtiomantas seo, theip ar an AE agus ar Éirinn na spriocanna agus na tiomantais seo a bhaint amach agus tá call le feabhsúcháin mhóra. Soláthraíonn siad seo dúshlán, ach soláthraíonn said deis, freisin, le fíordhul chun cinn agus 'aitheantas glas' níos fearr a thaispeáint. Leis an dul chun cinn seo a thaispeáint, tá monatóireacht níos fearr den riachtanas go háitiúil agus go náisiúnta, le haiseolas a fháil d'fhonn dlisteanacht a chruthú in éilimh táirgí glasa.

Cé go bhfuil caomhnú na bithéagsúlachta den riachtanas ar a bhealach féin, d'fhéadfadh sé deiseanna a chruthú amach anseo do tháirgeoirí bia a dtiocfadh leo leas a bhaint as tionscnaimh i leith chaomhnú na bithéagsúlachta mar dheis le luach a chur lena gcuid táirgí bia. Coincheap eiticiúil mealltach é bia orgánach, agus bia den 'ghrád caomhnaithe' mar a deirtear, do mhórán tomhaltóirí agus is foinse fhéideartha um dheiseanna tráchtála iad.

Is ann do thairbhí suntasacha díreacha do tháirgeoirí bia ó dhaonraí sláintiúla fiadhúlra, atá ina mbonn le táirgeadh i gcás iascaigh mhara, chomh maith le tairbhí indíreacha trí sheirbhísí éiceachórais amhail pailniú barr ag beacha agus ag feithidí eile agus srianadh nádúrtha lotnaidí ag éin chreiche.

### Astuithe Aeir

Is í amóinia an gás is mó a astaítear ón talmhaíocht sa chatagóir seo. Tá baint aici le haigéadú agus le héotrófú éiceachóras agus baineann impleachtaí léi i dtaobh shláinte na n-éiceachóras buailte dá dheasca. Mar sin de, tá ceangal leis an tsaincheist faoi chaomhnú na bithéagsúlachta. Tá baint aici le hathrú aeráide agus le bainistíocht uisce, leis; is é an ceangal coitianta an caillteanas nítrigine ó chórais talmhaíochta.

Tá feidhm ag modh iniúchta inbhuanaitheachta, a luaitear thuas i dtaca le hathrú aeráide, i ndáil le gáis trasteorann, ós rud é gurb iad úsáid níos fearr as leas agus ionchur laghdaithe leasacháin na príomhstraitéisí bainistíochta leis an astú seo a laghdú. Dá bhrí sin, bainfear feabhsúcháin lena mbaineann gáis trasteorann amach trí éifeachtacht an táirgthe a fheabhsú agus beidh siad ina gcritéar tábhachtach i mbunú inbhuanaitheacht agus aitheantas comhshaoil tháirgeadh na hÉireann.

### Fuinneamh In-athnuaite

Is ann do spriocanna tábhachtacha dúshlánacha náisiúnta agus do spriocanna tábhachtacha dúshlánacha an AE, mar fhreagairt ar bhuarthaí faoi athrú aeráide agus faoi shlándáil fuinnimh, agus cuirfidh siad seo forbairt an fhuinnimh in-athnuaite chun cinn. D'fhéadfadh ról mórchúiseach bheith ag earnáil na talmhaíochta i ndul i ngleic leis an dá shaincheist ó thaobh an fhuinnimh in-athnuaite de. D'fhéadfadh barra neamhbhia astuithe a laghdú in earnáil na talmhaíochta ach breoslaí dúchasacha neodracha nó ísle ó thaobh carbóin de a sholáthar. Breoslaí féideartha ísealcharbóin iad saileach agus féar eilifinte (miscanthus) agus oireann coinníollacha aeráide agus ithreach na hÉireann dá dtáirgeadh. Chomh maith leis sin, is ábhar deise iad maidir le héagsúlú san earnáil agus bealach isteach chuig margadh fuinnimh atá i mbun méadú. Is dea-nuacht na tacaíochtaí praghais faoi ráthaíocht, arna n-innéacsú agus arna dtairiscint ar bhonn 15 bliana trí Íocaíochtaí Fuinnimh In-athnuaite (REFIT) le haghaidh cumhachta agus teasa in éineacht bithmhaise agus dó bithmhaise, lena n-áirítear comhadhaint bithmhaise sna trí stáisiún faoi chumhacht móna, agus cuirfidh sé seo leis an tacaíocht d'inmharthanacht na hearnála bithfhuinnimh agus cuirfidh sé leis an oiread muinín atá ann le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha.

Cé gur cheart deiseanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a shaothrú más féidir, teastaíonn cúram le cinntiú nach mbeifear i dtreis le huaillmhianta eile, le riachtanais i leith inbhuanaitheacht an chomhshaoil, le slándáil bia agus le tionscail eile. Ar shamplaí ar leith tá an gá le pleanáil níos fearr i dtimpeallachtaí muirí agus talún le cinntiú nach gcuireann forbairtí in-athnuaite leasanna bithéagsúlacht ná iascaigh i gcontúirt. Soláthraíonn cur i bhfeidhm fónta beart atá ann cheana féin agus bearta nua amhail measúnacht straitéiseach timpeallachta agus an Chreat-threoir Straitéise Mara uirlisí le cuidiú le seachaint na gcoimhlintí féideartha seo.

Tá ról mór ag an bhforaoiseacht chomh maith i réimse an bhithfhuinnimh mar fhoinse bithmhaise le haghaidh giniúint teasa agus fuinnimh. Tá an ról seo le feiceáil cheana féin sa mhórfhairsingiú in úsáid bithmhais adhmaid le blianta beaga anuas.

Teicneolaíocht chruthaithe é díleá anaeróbach (AD) le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh i bhfoirm bhithgháis ó dhramhaíl orgánach agus ó tháirgí nó ó fhotháirgí feirme, agus is iomaí tairbhí féideartha aige d'earnáil na talmhaíochta, lena n-áirítear athchúrsáil níos éifeachtúla cothaitheach ó dhianoibríochtaí feirmeoireachta, ina soláthraítear úsáid eile féir. Soláthrófar teas agus leictreachas in-athnuaite de thoradh na bpróiseas seo. Ag an am céanna, soláthrófar foinse eile ioncaim feirme agus foinse fostaíochta b'fhéidir i gceantair thuaithe. Braithfidh inmharthanacht díleá anaeróbaigh glacadh le dramhaíl orgánach feirme nó barra feirme ar an tsamhail a roghnófar, i.e. cé acu an mbeidh sé ag baint le leibhéal na feirme, le leibhéal comhoibríoch nó le leibhéal réigiúnach, agus cé acu an mbeidh sé ag táirgeadh cumhachta agus teasa in éineacht nó ag táirgeadh cumhachta amháin. Beidh na tacaíochtaí praghais faoi ráthaíocht trí REFIT agus AD a fógraíodh i mí na Bealtaine 2010, arna n-innéacsú agus arna dtairiscint ar bhonn 15 bliana, ina láimh chúnta an-mhór i bhforbairt na teicneolaíochta in Éirinn.

Seo a leanas na bacainní is mó a shainaithnítear maidir le rochtain eangaí leictreachais le haghaidh tionscadail bhithfhuinnimh agus forbairt bhithfhuinnimh:

- an costas ard;
- an inathraitheacht mhór i gcúrsaí costais ag brath ar an láthair; agus
- an próiseas casta agus an méid ama a theastaíonn le tairiscint nasctha a bhaint amach.

Chuir páipéar cinnidh an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, Cóireáil *Gineadóirí Beaga In-athnuaite Ísealcharbóin lasmuigh den Chur Chuige Grúp-phróiseála* ('Treatment of Small, Renewable and Low Carbon Generators outside the Group Processing Approach'), a tháinig amach i mí Iúil na bliana 2009, an-fheabhas ar rochtain ar an eangach le haghaidh tionscadail bhithfhuinnimh. Próiseáiltear gineadóirí beaga in-athnuaite ísealcharbóin a chomhlíonann na critéir i leith leas an phobail lasmuigh den Chur Chuige Grúp-phróiseála (GPA) gan staidéar idirghníomhaíochta, dá thoradh.

Ar deireadh, tá deiseanna ag feirmeoirí tuirbíní gaoithe a thógáil le fuinneamh gaoithe a thiontú go leictreachas d'fhonn freastal ar riachtanais ar an bhfeirm agus d'fhonn leictreachas barrachais a chur san eangach náisiúnta. Is teicneolaíocht í seo ar féidir léi dul isteach sa tírdhreach nádúrtha agus ní chuirfidh sí isteach ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta. Ní mór a bheith cúramach, áfach, chun aon choimhlint fhéideartha bhithéagsúlachta a sheachaint.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

Ach inbhuanaitheacht an chomhshaoil i dtaca le táirgeadh bia a ghlacadh agus a chur chun cinn, féadfaidh Éire bheith ar thús cadhnaíochta i dtreochtaí idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn. Beidh sé mar aidhm ag cur chuige cliste an inbhuanaitheacht a nascadh le héifeachtacht níos mó tionscail. Ag an am céanna, beidh sé de chuspóir aige na tairbhí a chur in iúl go soiléir do thomhaltóirí mar straitéis suí sa mhargadh a thacaíonn le hardtorthaí don earnáil agus a spreagann dea-chleachtas.

Le deimhin a dhéanamh go mbainfear amach an cumas a shainaithnítear sa straitéis seo, moltar a leanas:

- Ba cheart don DAFF an méid a dhéanann feirmeacha teaghlaigh agus fiontair i ndáil le soláthar earraí poiblí comhshaoil a shainaithint agus tacú leo mar is gnách.
- Ba cheart leanúint d'infheistíochtaí sa taighde d'fhonn teicneolaíochtaí agus cur chuige a fhorbairt a theastaíonn le hÉirinn a chur chun tosaigh ar fud an domhain sna heolaíochtaí a bhaineann le táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta agus bia.
- Ba cheart comhpháirtíocht tionscail-taighde-gníomhaireachta a threorú le caighdeán bia a fhorbairt bunaithe ar mheasúnú caighdeánaithe saolré carbóin.
- Ní mór do Theagasc a dheimhniú go gcuirtear an chomhairle chuí ar fheirmeoirí agus go dtugtar an fhaisnéis chuí dóibh, bunaithe ar thaighde den scoth, le ligean dóibh a gcuid modhanna táirgthe a bheachtú d'fhonn déine carbóin a laghdú agus d'fhonn feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú níos mó.
- Ba chóir don DAFF agus do Theagasc níos mó imscrúdaithe a dhéanamh ar an gcumas forlámhaithe carbóin a bhaineann le foraoisiú.
- Ba cheart don DAFF agus do Theagasc leanúint den tacaíocht don Chlár um Mion-Dobharcheantar Talmhaíochta i ndiaidh na bliana 2012.
- Mholfaí don DAFF, i gcomhar leis an tionscal, bainistiú comhshaoil ár n-uiscí a fheabhsú, idir chósta agus intíre, leis an earnáil agus a híomhá a chosaint.
- Ba cheart don DAFF, i gcomhairle le páirtithe ábhartha eile, bheith i gceannas ar bhaint na hÉireann le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta taighde, amhail an Comhthionscnamh Cláreagraithe i leith "Talmhaíocht, Slándáil Bia agus Athrú Aeráide" agus an Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Thaighde ar Gháis Cheaptha Teasa Talmhaíochta faoi cheannaireacht na Nua-Shéalainne.
- Ba cheart go mbeadh bunú luacha inbhuanaithe tráchtála ó acmhainní uisceacha muirí fiáine ina phríomhchuspóir ag earnáil an iascaigh mhara.
- Ba chóir don tionscal, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha Stáit, machnamh a dhéanamh ar roghanna i ndáil le forbairt caighdeán margaíochta inbhuanaitheachta do bhia na hÉireann i dtaobh bia den ghrád caomhnaithe.
- Mholfaí don DAFF triailtionscadail agus triailfhóram a cheapadh i leith fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear díleáiteoir anaeróbach réigiúnach le haghaidh dramhaíl feirme agus tionscail.
- Ba cheart don DAFF leanúint den chomhoibriú le ranna, le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí ábhartha le dul i ngleic leis na bacainní ar naisc leis an eangach leictreachais le haghaidh táirgí bithfhuinnimh.
- Ba chóir don DAFF agus don DCENR forbairtí feirme a spreagadh, fearacht tógáil gineadóirí fuinnimh in-athnuaite (gaoth/grian).
- Mholfaí don DAFF bheith i gceannas ar Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar thionchar mholtaí na tuarascála seo agus ba cheart plean comhtháite a leagan amach d'fhonn astuithe GHG breise a fhritháireamh roimh an gcur i bhfeidhm.

## 3.5 Díriú ar Chustaiméirí agus ar Thomhaltóirí

Cuideoidh saineolas agus saintuiscint ar roghanna agus ar threochtaí tomhaltóra le gnólachtaí agraibhia agus iascaigh tuar agus ullmhú níos fearr dá ndeiseanna amach anseo. Cé gur cosúil go gcloífear leis an díriú reatha ar luach agus ar chinntí faoi cheannach cliste go ceann i bhfad, tiocfaidh deiseanna maithe le haghaidh fáis chun cinn in athuair. San AE go háirithe, is dócha go mbeidh tomhaltóirí ag iarraidh naisc níos fearr leis an mbia a cheannaíonn siad, agus beidh níos mó tábhachta ag baint le táirgí a spreagann an tsláinte agus an fholláine.

Taispeántar creatlach ina bhfuil tomhaltóirí agus na riachtanais a chuireann siad in iúl mar phointe dírithe ag na páirtithe leasmhara uile i leith an tslabhra soláthair agus luacha i bhFíor 3 thíos. Ina theannta sin, leagann sé béim ar a thábhachtaí atá idirchaidreamh leanúnach idir na páirtithe leasmhara seo uile agus an tomhaltóir le tuiscint a fháil agus le freagairt go héifeachtach ar riachtanais todhchaí faoi láthair ó thaobh cur i láthair agus difreáil táirgí de, chomh maith le dul i ngleic le saincheisteanna dála inbhuanaitheachta, cothaithe agus údarachta.

Tá inbhuanaitheacht an chomhshaoil ina téama tábhachtach straitéiseach a thagann chun cinn i ndáil le comhfhios tomhaltóirí. Is é atá i gceist leis seo go príomha buarthaí comhshaoil, ach léiríonn sí níos mó suime i saincheisteanna simplíochta, údarachta, oidhreachta agus leas ainmhithe. Ní foláir do thairiscintí táirge a bhaineann earraíocht as na treochtaí seo bheith inchreidte agus cruthaithe. Seans le haghaidh fás féideartha deiseanna freisin é níos mó éileamh tomhaltóra ar tháirgí orgánacha agus gabhann sé go maith le ceist na hinbhuanaitheachta.

D'fhonn leas iomlán a bhaint as na treochtaí tomhaltóra seo atá ag teacht chun cinn, teastaíonn rochtain ar thaighde leanúnach i mbaile agus i gcéin agus infheistíocht sa nuálaíocht ó thionscal bia agus dí na hÉireann le cinntiú gur féidir leis an réimse agus an caighdeán táirgí a bhíonn de dhíth ar thomhaltóirí a chur ar fáil.

Fíor 3: Creatlach a Dhíríonn ar Chustaiméirí



## 2020: Díriú ar an Margadh

Beidh an RA ina mórcheann scríbe easpórtála do tháirgí bia agus dí na hÉireann mar is gnách. Dá ainneoin sin, díreofar níos mó ar mhargaí limistéar an euro seachas ar an RA sna deich mbliana amach romhainn, áit nach bhfuil ráta malairte airgeadra ina thoisc riosca. Siocair gur margadh lánaibí é, ní mór don réigiún seo díriú go mór ar dhifreáil táirgí agus ar chumas dáilte. Beidh sé de chumas ag margaí na hÁise atá ag teacht chun cinn easpórtálacha chun an réigiúin a dhúbailt agus níos mó sa bhreis, freisin. Taispeántar an díriú athraithe seo ar an margadh i bhFíor 4 thíos.

Fíor 4: Easpórtálacha de réir Ceann Scríbe 2009 agus 2020*




*Meastacháin Thuartha

Roimhe seo, bhí an méid eolais a bhí ag próiseálaithe aonair ar an margadh mar aon lena gcumas saineolas dáilte agus a scála a fhorbairt i gcoibhneas le hiomaitheoirí ina bhac ar phróiseálaithe aonair barr feabhais a chur ar bhealaí áirithe leis an margadh a bhaint amach. Ina theannta sin, is gnách go mbítear ar an ngannchuid i dtaobh acmhainní ar féidir leo bheith tiomanta do dhíolacháin dáilte nó inmhargaidh agus d'fhorbairt margaidh. De réir mar a thugann cuideachtaí faoi bhreis agus faoi bhroghadh, agus de réir mar a chuireann siad lena mbonn custaiméirí i margaí thar lear, tá sé ríthábhachtach go gcinntítear go n-oireann a gcleachtais lóistíochta dá bhfeidhm agus gur cuí iad dá sprioc-chainéal nó dá mbonn custaiméirí. Sa mhullach ar an méid sin, is gá d'easpórtálaithe a gcuid costas a thagarmharcáil i leith a gcuid iomaitheoirí d'fhonn tiomáint a chur faoi éifeachtúlacht agus d'fhonn ceantair a shainaithint i dtaobh coigiltí féideartha costais.

Cruthaíonn comhdhlúthú leanúnach breis tábhachta do na saincheisteanna seo san earnáil mhiondíola, a bhfuil soláthróirí de scála dóthanach de dhíth uirthi d'fhonn freastal ar an éileamh agus cur in oiriúint do shaghas na gcleachtas soláthair atá idirnáisiúnta níos mó anois ná mar a bhí riamh. Meastar go leanfaidh an borradh atá ag teacht ar an sciar den mhargadh lena mbaineann táirgí lipéid phríobháidigh agus beidh gá le caidreamh difriúil le miondíoltóirí ná mar atá i gceist le tairiscintí brandáilte.

Is é an dúshlán atá roimh easpórtálaithe Éireannacha bia agus dí forbairt a dhéanamh ar an méid eolais ar an margadh a theastaíonn d'fhonn cur leis na díolacháin sna príomhchatagóirí agus tréanbhéim ar na riachtanais atá ag custaiméirí agus atá ag tomhaltóirí atá ag teacht chun cinn a chothú. Braitheann rath cuideachtaí Éireannacha amach anseo san earnáil seo go mór ar a gcumas bheith mar chuid d'earnáil mhiondíol bia atá á treorú ag an margadh.

## Branda na hÉireann

Tháinig an clú glas agus nádúrtha atá ar Éirinn, mar aon lena táirgeadh bia agus dí, chun cinn go nádúrtha agus, san iomaí cás, gan choinne, le himeacht go leor blianta. Tugann an rath idirnáisiúnta atá ar bhrandaí na hÉireann, ar nós Kerrygold, Bailey's agus Jameson le fios gur féidir brandaí móra domhanda a chur ar aschuir bhia agus dhí na hÉireann, mar aon leis na buntáistí ollmhóra margaidh is féidir a bhaint trí dhifreáil shoiléir agus mharthanach táirgí. I dtaobh an tionscail bhia agus dí, is ann anois do ghá soiléir leis an gclú seo a dhaingniú agus smacht a fháil ar an gcumas atá aige. D'fhonn leas a bhaint as na tréanteachtaireachtaí comhshaoil ar féidir le táirgí bia agus dí na hÉireann a chur in iúl, moltar bratbhranda a chruthú le haghaidh bhia agus dheoch na hÉireann. I measc na gcéimeanna a bheadh mar bhonn agus taca dá fhorbairt bheadh siad seo a leanas:

- Taighde sonrach ar an margadh ar threochtaí athraitheacha i measc tomhaltóirí.
- Straitéis margaíochta le béim a chur ar an gclú glas agus nádúrtha atá ar bhia agus ar dheoch na hÉireann.
- Bonn inchreidte eolaíochta a bheith le maíomh faoi na táirgí.
- Béim ar bhrandáil agus ar dhifreáil tháirgí bia agus dí na hÉireann.
- Na caighdeáin is fearr de shábháilteacht agus d'inrianaitheacht bia arna gcur i bhfeidhm i dtaca le gach táirge atá páirteach.

Ní haon amhras gur mór don chastacht lena mbaineann tabhairt faoi bhratbhranda nó faoi bhrat-choincheap dá shamhail, agus gá le hathailíniú suntasach a dhéanamh i ndáil leis an Stát, leis an tionscal agus leis an táirgeoir. Glactar leis go mbeadh gá le tréimhse ama idir trí agus cúig bliana leis an bplean seo a chur i bhfeidhm go hiomlán. Má táthar le haird a thabhairt ar fhaisnéis aitheantais bhia agus dheoch na hÉireann i measc an stáitse dhomhanda, áfach, tá géarghá le teachtaireacht chomhleanúnach chomhaontaithe ina gcuimsítear gach earnáil den tionscal.

Baineann ríthábhacht le creidiúnacht má táthar leis an gcumas a shainaithnítear sa mhargadh agus i dtreochtaí tomhaltóirí a fhíorú. I measc na bpríomhchéimeanna a theastaíonn le forbairt bhranda na hÉireann a chur chun cinn tá iad seo a leanas:

- Gníomhú an Rialtais maidir le comhaltú, le tacú agus le ceannach isteach earnála a fháil le haghaidh samhail 'ghlas' d'Éirinn.
- Iniúchadh inbhuanaitheachta ar agraibhia na hÉireann agus aird ar leith ar tháirgeadh beostoic féir fearthainne, le leas tagarmhairc a bhaint as i leith soláthróirí iomaitheora.
- Taighde eolaíochta faoi stiúir Theagasc atá mar bhonn agus taca don mhéid a mhaíonn Éire i dtaobh na hinbhuanaitheachta agus a bhailmheasann na tairbhí comhshaoil agus cothaithe a bhaineann le táirgeadh féir agus fearthainne.
- Taighde de chuid an Bhoird Bhia a shoiléiríonn an caidreamh tomhaltóra le saincheisteanna inbhuanaitheachta.
- Béim faoi threoir an tionscail ar thaighde agus ar nuálaíocht i limistéir na sláinte agus na folláine mar mheáin le haghaidh borrtha i margadh aibí de chuid an AE.
- Forbairt acadúil-tionscail an eolais atá ar an margadh agus cumas teanga a bheidh ina láimh chúnta maidir le fairsingiú an sciar den mhargadh i bpríomhláithreacha. Cuireann Clár Compántas Margaíochta an Bhoird Bhia sampla de seo ar fáil.
- Próiseálaithe a leanann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil feadh an tslabhra soláthair, go háirithe le miondíoltóirí.
- Imscrúdú ar nascálacha féideartha le Turasóireacht Éireann i ndáil le margaíocht na hÉireann.
- Sainaithint leanúnach deiseanna rochtana agus deiseanna sa spriocmhargadh trí Ghrúpa Rochtana ar an Margadh de chuid an DAFF lena mbaineann an tionscal agus an Bord Bia.

- Comhoibriú idir an DAFF agus tionscal an bhia d'fhonn na hardchaighdeáin sábháilteacht bhia in Éirinn atá ann faoi láthair a chosaint agus a chur chun feabhais.
- Feabhas mar aon le hoibriú leanúnach na gcaighdeán is airde sláinte agus leas ainmhithe i measc táirgeoirí beostoic.
- Ní mór a aithint go dteastóidh go leor iarrachta, maoinithe agus ama a chaitheamh d'fhonn branda áititheach Éireannach a fhorbairt a aithneofar go fairsing. Moltar, ar an ábhar sin, gur cheart grúpa stiúrtha a bhunú d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an bhranda agus le tuairisciú rialta a dhéanamh don tionscal, do tháirgeoirí agus don rialtas maidir le dul chun cinn. Ba cheart don ghrúpa seo plean réalaíoch a fhorbairt d'fhorbairt an bhranda de réir a chéile thar thréimhse ama idir trí agus cúig bliana ag a bhfuil garspriocanna agus tagarmharcanna soiléire chomh maith le socrú indéanta maoinithe.
- Agus an grúpa stiúrtha seo arna bhunú, ba cheart dó straitéis a fhorbairt d'fhonn dul i ngleic le saincheisteanna ar nós na ngníomhaíochtaí reatha margaíochta a chomhcheangal ('Éire, an tOileán Bia' agus 'Bíodh Grá agat do Bhia na hÉireann') ('Ireland, the Food Island' 'Love Irish Food') le branda na hÉireann atá nua agus a bheartaítear mar aon le conas caolú tréanbhrandaí atá ann faoi láthair a sheachaint.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

## 3.6 Earnáil an Bhia agus na nDeochanna Breisluacha

Gan aird ar bhunphróiseáil, is féidir idir bainne foirmle do naíonáin mar aon le comhábhair fheidhmeacha agus deochanna meisciúla agus bianna ullmhaithe tomhaltais a chuimsiú i mbia agus i ndeochanna breisluacha. Sa bhreis air sin, is féidir táirgí feola agus bia ceardaí breisluacha a chuimsiú san earnáil. Braitheann forbairt leanúnach bianna breisluacha sna margaí baile agus idirnáisiúnta go mór ar gheilleagar inbhuanaithe agraibhia a chruthú. Is lú is dócha go mbeidh tionchar ag luaineachtaí i bpraghas tráchtearraí ar bhorradh mar dhíolacháin, agus tacaíonn an phróiseáil a dhéantar in Éirinn ar sholáthar amhábhar na hÉireann le rachmas agus le cruthú fostaíochta go bunúsach sa gheilleagar tuaithe.

Is ann do líon beag mórchuideachtaí Éireannacha atá ag cruthú borradh atá dírithe ar easpórtáil san earnáil seo agus leanfaidh borradh ag teacht orthu seo amach anseo. Ar a shon sin, is iad a chuirfidh tiomáint faoi fhostaíocht mhéadaithe san earnáil iontrálaithe nua eachtracha a dhéanfaidh infheistíocht dhíreach (FDI) chomh maith le SMEanna ag a bhfuil an cumas cur le cúrsaí. Bainfidh ardtábhacht le borradh líon barrmhaith SMEanna a luathú agus méid mórchuideachta a bhaint amach mar aon le béim níos mó ag SMEanna agus ag táirgeoirí ceardaí ar mhargaí nideoige ar nós bia feidhmeacha agus bia orgánacha maidir le borradh agus le fostaíocht réigiúnach a chruthú.

Beidh gá ag an earnáil bhreisluacha díriú ar a cumas feabhas a chur ar tháirgiúlacht, bonn a scileanna inmheánacha a fhorbairt chomh maith le feabhas a chur ar a cumas eagraíochtúil agus bainistíochta a chur chun feabhais d'fhonn a spriocanna a bhaint amach. I dteannta an mhéid sin, bainfidh ríthábacht le díriú ar thaighde ar an margadh, ar nuálaíocht agus ar fhorbairt táirge nua má tá an earnáil le caipitliú a dhéanamh ar threochtaí tomhaltóirí atá ag teacht chun cinn. Tagarmharc tábhachtach ratha a bheidh i bhforbairt brandaí nua, ar féidir leo aithris a dhéanamh ar rath caidre beag brandaí bia agus dí domhanda na hÉireann.



Ar bhonn na sonraí atá ar fáil, tá an Coiste den tuairim gur féidir borradh 40% in aschur breisluacha earnáil an bhia agus na ndeochanna a bhaint amach faoin mbliain 2020 (agus leas á bhaint as 2008 mar bhonnlíne). Teastóidh gníomhaíochtaí uaidh seo sna limistéir seo a leanas:

### Iomaíochas

- D'fhonn borradh a chruthú faoi threoir easpórtáil inbhuanaithe san earnáil, tosaíocht atá i bhfeabhas 20% ar iomaíochas costais i gcoibhneas leis sin dár gcomhpháirtithe trádála maidir le hearnáil an bhia agus na ndeochanna. Ní mór é seo a chur i bhfeidhm tríd an méid a leanas:
  - Ba cheart go dtabharfadh na ranna agus na gníomhaireachtaí cuí faoi dhul i ngleic le saincheisteanna struchtúracha d'fhonn laghduithe a chinntiú sa bhonn costais ionchuir, go háirithe i limistéir costas fuinnimh, iompair agus dramhaíola mar aon leis an ualach rialála, nuair is cuí agus is indéanta.
  - Ní mór go mbainfeadh an tionscal leas as tacaíochtaí atá ann cheana féin agus díriú ar infheistíocht i dteicneolaíochtaí agus i ndéantúsaíocht bharainneach a chumasú d'fhonn cur le táirgiúlacht agus le costais aonaid oibre.
  - Ba cheart go ndéanfadh an tionscal tosaíocht de sholáthar clár um fhorbairt bainistíochta.
- Tacaíonn an coiste le torthaí agus le moltaí Thuarascáil an tSainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí in Earnáil Bia agus Deochanna na hÉireann agus iarrann siad ar a gcur i bhfeidhm iomlán ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile.
- Ba cheart go ndíreodh Fiontar Éireann agus comhlachtaí eile Stáit ar fhairsingiú SMEanna ardluacha agus ar dheiseanna borrtha eile, lena n-áirítear infheistíocht bhreise nó nua a mhealladh ó chuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.
- Cur chuige fiontraíochta a spreagadh i leith forbairt gnólachtaí nua-thionscanta ardchumais agus táirgeoirí fuinniúla ceardaí.

### Nuálaíocht

- Tacaíonn Coiste leis na moltaí atá i dTuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta agus leagann siad béim ar a n-ábharthacht áirithe leis an tionscal bia.
- Ní mór don tionscal tosaíocht a dhéanamh d'infheistíocht i nuálaíocht atá dírithe ar thomhaltóirí agus d'fhorbairt táirgí nua.
- Tá ar an gcomhoibriú idirghníomhaireachta clár straitéiseach atá dírithe ar chúrsaí tráchtála a dhéanamh foirmeálta don earnáil bhreisluacha d'fhonn cur le hobair an choiste taighde ar bhia atá treoraithe ag an tionscal atá ann cheana.
- Ba cheart go leanfadh an Bord Bia le grinnanailís ar threochtaí agus ar stíl mhaireachtála tomhaltóirí agus béim ar tháirgí a chuireann an tsláinte agus folláine chun cinn.
- Ba cheart don tionscal an méid acmhainní atá tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhúbailt mar chéatadán láimhdeachais.
- Ba cheart don tionscal comhoibriú i limistéir bhreise chomhthaighde straitéisigh ar shamhail Thionscnamh Bhia le hAghaidh Sláinte Éireann ('Food for Health Ireland'), go ndíreodh na comhlachtaí cuí ar fheabhsú treoshuíomh tráchtála trí spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh i ndáil le taighde ar dheiseanna margaidh atá ag teacht chun cinn agus trí threochtaí custaiméirí a fhorbairt.
- Ní mór nascálacha idir institiúidí taighde agus eagraíochtaí tionscail, ar nós iad sin i mBia le hAghaidh Sláinte Éireann, a fhorbairt, ionas go mbíonn gníomhaíochtaí institiúidí taighde le sonrú in iar-riachtanais tionscail iomaíoch bhia agus dí.
- Ba cheart go n-oibreodh acmhainní taighde agus nuálaíochta go dlúth in institiúidí éagsúla (gníomhaireachtaí stáit agus ollscoileanna) d'fhonn a sineirgí a uasmhéadú agus a n-éifeachtacht a mhéadú ar an iomlán. Léirítear seo faoi láthair trí Chomhaontas Straitéiseach Theagasc-UCC i dTaighde ar Bhia a fógraíodh le gairid.

## Forbairt an Mhargaidh

- Ba cheart don tionscal scrúdú a dhéanamh ar an gcumas comhpháirtíochtaí a thógáil agus oibriú go comhoibritheach i margaí nua.
- An nochtadh do ráta malairte a laghdú trí éagsúlú margaidh agus trí chomhfhiontair le cuideachtaí áitiúla.
- Leas níos fearr a bhaint as saineolas margaíochta agus as cláir meantóireachta nuair is cuí.
- Beidh taighde substaintiúil mar bhonn agus taca do mhaíomh inbhuanaitheachta agus bunús a thabhairt leo ina láimh chúnta do choincheap Éire na mbrandaí.
- Tá gá le tionscal comhoibritheach d'fhonn sciar níos mó de tháirgí brandáilte ar mhargaí easpórtála, agus leas, faoi dheoidh, á bhaint as Branda na hÉireann de réir mar is cuí.
- Ba cheart don Bhord Bia a gclár rathúil compántas margaíochta a fhairsingiú d'fhonn cur le cumas margaíochta na hearnála.
- Ba cheart don tionscal tús a chur le cláir intéirneachta iarchéime de shamhail chlár compántas margaíochta an Bhoird Bia.
- Beidh gá don tionscal díriú ar na deiseanna leis an réimse táirgí a sheachadadh a theastaíonn ó mhiondíoltóirí ceannródaíochta agus ó dhéantóirí i limistéar an lipéid phríobháidigh agus le brandaí agus le caidreamh atá ann cheana féin a neartú níos mó.
- Cuirfidh forbairt bhreise margaí feirmeoirí agus turasóireacht bhia deiseanna ar fáil le haghaidh éagsúlú agus breisluacha d'fhiontair níos lú go háirithe. Ba cheart do na páirtithe leasmhara ábhartha an cumas seo a fhiosrú.
- Ba cheart go mbainfeadh an Bord Bia agus an tionscal an leas is mó is féidir as Tásca Geografacha na hÉireann atá faoi chosaint, chomh maith le hainmniúcháin bhreise a shainaithint. Níor bhain Éire feidhm as an deis seo ach chomh beag go dtí seo.

## An Earnáil Bhia Ceardaí

Méadú suntasach ar an líon cuideachtaí beaga bia atá i mbun feidhme in Éireann atá faoi deara theacht chun cinn earnáil bhia ceardaí na hÉireann, lena dtacaíonn éileamh tomhaltóirí ar tháirgí sainbhia ar a bhfuil broghadh ag teacht chomh maith le tréanmheanma fiontraíochta. Tá an chuid is mó de na cuideachtaí seo á mbainistiú ag an úinéir, agus is gnách go mbíonn tréanbhonn feirmeoireachta acu agus go dtáirgeann siad réimse fairsing táirgí. Tig leis an méid nuálaíochta is léir atá in go leor de na cuideachtaí seo an bhunchloch a leagan don chéad ghlúin eile de lucht déanta bia agus dí na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an earnáil bhia ceardaí turasóireacht na hÉireann a fhairsingiú, agus, ar a uain, tig le turasóireacht bheith mar mheán le híomhá na hÉireann agus le táirgeadh bhia na hÉireann go hidirnáisiúnta a fheabhsú.

- Moltar go n-oibreodh an Bord Bia, an DAFF agus Teagasc as láimh a chéile le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí turasóireachta d'fhonn cur le rath na hearnála ceardaí go dtí seo agus d'fhonn na nithe a leanas a dhéanamh:
  - Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht bhia atá treoraithe ag an margadh ó na céimeanna is luaithe d'fhorbairt,
  - Beartais agus córais inbhuanaithe fála bia atá leabaithe go háitiúil a chothú,
  - Na deiseanna a chur chun cinn agus a fhairsingiú, lena n-áirítear margaí áitiúla, do thomhaltóirí agus do thurasóirí atá ar cuairt le bia áitiúil a cheannach,
  - Traidisiúin shainiúla áitiúla bhia a chaomhnú agus a chur chun cinn san AE le comhlachtaí ar nós Chomhairle TASTE agus Slow Food,
  - Na féidearthachtaí a fhiosrú le haghaidh meantóireachta ag cuideachtaí móra le tacú le cuideachtaí ceardaí chun dáileadh margaidh a bhaint amach agus chun cur lena mboinn chustaiméirí.

# Moltaí de réir Earnálacha ar Leith



# Moltaí de réir Earnálacha ar Leith

## 4.1 Mairteoil

**Cuireann táirgeadh beostoic agus mairteola na hÉireann go mór le geilleagar iomlán na hÉireann lena baineann luach thart ar €1.9 billiún leis an táirgeacht bhliantúil faoi láthair.**

Cuirteis iomha de Bhord Bia

Ba léir go raibh an rath ar thionscnaimh fhorásacha ag a raibh sé de chuspóir go mbainfeadh mairteoil na hÉireann margaí san AE lenar bhain luach ní b'airde amach. Roimhe seo díoladh an mhairteoil i margaí tráchtearraí i dtíortha treasacha ach faoi láthair tá athrú tagtha ar an scéal agus déantar 99% den mhairteoil a easpórtáil laistigh den AE. Tá mairteoil na hÉireann á stocáil ag breis agus 70 miondíoltóir Eorpach agus baineann luach €1.5 billiún leis na heaspórtálacha bliantúla. Sa mhullach air sin, baineann luach €160 milliún le heaspórtálacha beo, arb ionann iad agus thart ar 200,000 ar an meán sa bhliain. Leanann easpórtálacha beo ar aghaidh, a fheidhmíonn de réir na gcaighdeán is fearr de leas ainmhithe, mar asraon luachmhar agus is dócha go leanfaidh siad ar aghaidh bheith amhlaidh amach anseo. Ar a shon sin, ba cheart breithniú níos sonraí a dhéanamh ar dheiseanna cur le luach in Éirinn, lena n-áirítear táirgeadh mairteoil tairbh óig agus laofheola rosé. Tríd an mbail deiridh a chur ar na heallaí óga seo ag an mbaile, d'fhéadfadh seo thart ar €300 milliún a chur leis an luach atá ann in Éirinn.

**Is iad na príomhdhúshláin atá roimh an earnáil an scotháit atá ag mairteoil na hÉireann sna margaí AE a choimeád agus an difreálach praghais idir Éire agus scothiomaitheoirí eile sa RA agus san AE a laghdú.**

Is cinnte gurb ann do dhúshláin shuntasacha i ndáil le brabúsacht feirme, amhail a léirítear i bhFíor 1. Tig le cur chuige nua cliste ar fud an tslabhra soláthair éifeachtúlacht fheabhsaithe mar aon le caighdeán feabhsaithe táirge a sholáthar, agus is borradh ar an luach aschuir atá ina thairbhe air seo go díreach. Bainfidh ríthábhacht, ina leith seo, leis an bhfeidhm a bheidh ag líon níos mó de tháirgeoirí éifeachtúla mairteola atá dírithe ar an margadh.

Bunriachtanas is ea bólacht ba mairteola inmharthana diúil de mhéid dóthanach le haghaidh fhorbairt an tionscail mhairteola agus thug Cónaidhm um Thógáil Eallaigh na hÉireann (ICBF) le tuiscint go bhféadfadh méadú €200 milliún teacht ar bhrabúsacht na bólachta reatha ba diúil faoi 2020. Bhainfí é seo amach trí mheascán de bha agus de thógáil eallaigh de chaighdeán níos fearr, meáchain chonablach le haghaidh a maraithe a bhaint amach ag aois níos óige chomh maith le caighdeán níos fearr conablaigh. Sa bhreis air sin, tá an cumas ag dul chun cinn i dtaobh cúrsaí gineacha brabúsacht níos mó i measc feirmeacha a chruthú trí tháirgiúlacht agus trí fhrithsheasmhacht fheabhsaithe i leith galair.

I dteannta an mhéid sin, tá an cumas ag géanómaíocht feidhmiú i sainaithint caighdeáin inmhianaithe táirge a chuirfidh le cúrsaí luacha sa mhargadh. Tá cuid den teicneolaíocht seo arna cur i bhfeidhm, agus tá coinne le dul chun cinn breise sna blianta amach romhainn agus cuirfidh sé seo an deis ar fáil d'Éirinn suíomh ceannródaíochta a bheith aici sa limistéar seo. I dturas an ama, beidh méadú ar an soláthar laonna le haghaidh a dtógála agus le bail deiridh a chur orthu mar thoradh tábhachtach den bhorradh lena bhfuil coinne san earnáil déirí.

Déanann tionscnaimh Theagasc, ar nós an chláir 'Mairteoil Feirme Níos Fearr' ('Better Farm Beef') (i gcomhar leis an Farmer's Journal), an cumas suntasach le haghaidh borradh féideartha a thabhairt chun solais nuair a ghlactar le dea-chleachtais i bhfeirmeacha. Tá an cumas ag difreáil mhéadaithe táirge, bunaithe den chuid is mó ar mhairteoil féir na hÉireann, cur le rath straitéisí margaíochta agus le rannpháirtíocht reatha le coincheapa ar nós Éire na mbrandaí. I dteannta a chéile, ba cheart go dtabharfaidís níos mó ar ais don táirgeoir chomh maith leis an difreálach reatha praghais a laghdú le haghaidh mairteola i margaí ardluacha AE.

Ar bhonn na sonraí atá ar fáil, tá an Coiste den tuairim gur féidir borradh 20% ar luach aschuir na hearnála a bhaint amach faoin mbliain 2020 (agus leas á bhaint as na blianta 2007 go dtí 2009 mar bhonnlíne).



## Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála mairteola a fhíorú i ndiaidh a chéile leis na moltaí ginearálta feirme agus tionscail a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas Feirme

- Ba cheart don DAFF agus don tionscal beostoic leanúint ar aghaidh ag tacú leis an ICBF agus an clár d'fheabhsú gineach agus caighdeán táirgí ar bun acu. Sa bhreis air sin, tá feidhm thábhachtach á himirt ag an Scéim um Leas Ba Diúil ina leith seo.
- Ba cheart go leanfaí le comhoibriú idir an DAFF agus Sláinte Ainmhithe Éireann (AHI) le sláinte ainmhithe a chur chun feabhais agus básanna de thairbhe galar ainmhithe a laghdú.
- Ba chóir grúpa tionscail a bhunú ina mbeadh baint ag Teagasc, an ICBF agus oibreoirí tráchtála le lucht ceannródaíochta a dhéanamh d'earnáil déirí agus d'earnáil mhairteola na hÉireann i dtaobh cúrsaí géanómaíochta agus le meáin chumarsáide a fhorbairt chun roghnú a spreagadh i measc feirmeacha.
- Ba cheart go mbainfeadh páirtithe leasmhara leas as an gcóras íocaíochta um chaighdeán mairteola le béim a chur ar chaighdeán conablach a éascú agus le haischuir le haghaidh táirgeoirí mairteola a uasmhéadú.
- Ó tharla nach bhfuil brabús á dhéanamh ag an gcuid is mó d'fhiontair feirme faoi láthair, ba cheart go ndéanfadh an DAFF, Teagasc agus na heagraíochtaí feirme breithniú ar an mbealach le hinmharthanacht a bhaint amach don líon is mó is féidir d'fheirmeoirí mairteola. Ina leith seo, ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhearta a d'fhéadfadh lámh chúnta a thabhairt, mar aon le bearta cuí tionscail, do líonta ba mairteola chomh maith le ramhrú geimhridh a spreagadh.

### Aistriú Teicneolaíochta agus Eolais

- Ba cheart don DAFF, do Theagasc agus do tháirgeoirí tréaniarracht a dhéanamh scaipeadh eolais agus glacadh le dea-chleachtas i dtáirgeadh mairteola a fheabhsú trí thionscnaimh ar nós an chláir 'Mairteoil Feirme Níos Fearr' (i gcomhar leis an Farmer's Journal).
- Teastaíonn tréan-chomhoibriú idir gníomhaireachtaí Stáit d'fhonn a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na haschuir chuí thaighde i bhfeirmeacha, go háirithe tríd an úsáid níos mó a bhainfear as an gclár feirme BETTER agus as grúpaí plé.
- Ní mór buntáirgeoirí a spreagadh le héifeachtacht a bharrfheabhsú trí ghlacadh le teicneolaíocht nua agus le dea-chleachtas tráchtála. Ba cheart go luafaí freastal ar chruinnithe grúpaí cuí plé, siúlóidí feirme agus imeachtaí taispeántais i gcoinníollacha scéimeanna nua de réir mar is cuí.

### Córais Táirgthe

- De bharr go leanfaidh táirgeadh bullán agus bodóg mar an príomhghníomhaíocht bhaile de tháirgeadh mairteola, agus de bharr go bhfuil sé ar intinn tionchar geilleagrach agus comhshaoil na hearnála seo a chur chun feabhais, ba cheart go ndíreodh Teagasc a bhfócas éifeachtachta ar aois níos lú mharaithe a spreagadh chomh maith le córais níos éifeachtúla féir agus bheathaithe.
- Agus aird ar an éifeachtacht fheabhsaithe athraithe beathaithe lena mbaineann táirgeadh mairteola tairbh óig, ba cheart córais táirgthe atá treoraithe ag an margadh le haghaidh tairbh óga ón mbólacht agus ón mbólacht mhairteola a spreagadh trí thaighde feabhsaithe ag a mbeadh spreagthaí soiléire praghais agus ainmhithe ar a bhfuil bail deiridh a bhainfidh amach sonraíochtaí an mhargaidh ina thoradh air seo.
- Ba cheart go bhforbródh an Bord Bia agus Teagasc iarrachtaí níos fearr taighde agus tréanchláir chumarsáide d'fhonn na deiseanna agus na riachtanais lena mbaineann córais bhrabúsacha táirgthe le haghaidh laonna ón mbólacht a chur in iúl.

- Ní mór go leanfadh an taighde ar aghaidh ar straitéisí d'fhonn na hastuithe GHG san earnáil a laghdú, agus ní mór go mbeifí rannpháirteach i dtionscnaimh idirnáisiúnta thaighde maidir leis an tsaincheist – ba cheart go n-áireofaí sa taighde iarrachtaí le teicneolaíocht nua a shainaithint bunaithe ar straitéisí maolaithe; iarrachtaí leis an uile pharaiméadar um bainistíocht bólachta lena mbaineann cúrsaí GHG a chur chun feabhais (tógáil eallaigh, torthúlacht, cothú etc.) chomh maith le hiarrachtaí le cainníochtú na n-astuithe agus na n-iarrachtaí maolaithe uile a chur chun feabhais.

## Próiseáil

- D'fhonn bheith iomaíoch go fóill, ba cheart go gcinnteodh an tionscal gurb ionann an cumas próiseála in earnáil na mairteola agus aschur na dtáirgeoirí. Ba cheart go mbeidh sé seo ina chuspóir treorach le haghaidh aon idirghabháil Stáit san earnáil agus le haghaidh rannpháirtithe tionscail araon.
- Ag féachaint don ghá is dócha bheith i gceist le comhdhlúthú suntasach san earnáil phróiseála mairteola, ba chóir don DAFF dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochais lena chinntiú gur féidir tabhairt faoi na gníomhartha a theastaíonn laistigh de rialacha an iomaíochais.
- Ba chóir don DAFF athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras cigireachta feola, agus é ina chuspóir acu an córas is mó is éifeachtaí i dtaobh costais a bhaint amach comhsheasmhach le muinín an tomhaltóra a chinntiú agus le comhlíonadh rialála.
- Caithfidh an earnáil phróiseála, le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí cuí Stáit, nuálaíocht táirge agus phacáistithe atá dírithe ar an tomhaltóir a chuimsiú d'fhonn easpórtálacha mairteoil agus caoireoil bhreisluacha a mhéadú.

## Margaíocht

- Ba chóir go leanfadh tionscnaimh ar aghaidh chun táirge préimhe a dhéanamh de mhairteoil féirchothaithe na Éireann i margaí ardluacha an AE mar aon le hiarrachtaí sonracha agus ba chóir dóibh díriú ar an mbearna reatha phraghais atá idir mairteoil na hÉireann agus táirgí préimhe sna margaí seo.
- Agus aird ar an gcumas táirge préimhe a dhéanamh de mhairteoil féirchothaithe na hÉireann i margaí SAM, déanfar monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí i leith saincheisteanna rochtana ar an margadh sa mhargadh seo.
- Tá an straitéis reatha um dhifreáil agus baint amach préimhe de chuid an Bhoird Bhia le bheith i bhfeidhm go dtí 2020.
- Ba chóir na saintréithe dearfacha comhshaoil, shláinte an duine agus leas an ainmhí lena mbaineann mairteoil agus caoireoil féirchothaithe a bhunú ar bhealach inchreidte agus é ina chuspóir deiseanna margaíochta d'Éirinn a dhéanamh díobh. Sa mhullach air sin, ba chóir critéir chomhshaoil a chuimsiú i scéimeanna Dearbhaithe Caighdeáin.
- Ba chóir go ndéanfadh táirgeoirí, próiseálaithe agus oibreoirí miondíola agus seirbhís bhia an cumas a scrúdú le haghaidh réamhchonarthaí laistigh den slabhra soláthair agus é ina chuspóir comharthaí níos soiléire margaidh a chur ar fáil chomh maith le cobhsaíocht phraghais don uile dhuine atá páirteach.
- Mar aitheantas ar theacht chun cinn margaí luachmhara fotháirge, ba cheart go sainaithneodh an tionscal, i gcomhar leis an mBord Bia, the Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an DAFF, liosta de spriocmhargaí ar cheart a chinntiú go bhfuil rochtain ag mairteoil, conamar mairteola agus stoc síolraíochta na hÉireann orthu. Ina theannta sin, ba cheart do Ghrúpa Rochtana ar an Margadh de chuid an DAFF lena mbaineann an tionscal agus an Bord Bia leanúint ar aghaidh le sainaithint agus le díriú ar dheiseanna rochtana ar an margadh i ndáil le mairteoil na hÉireann, lena n-áirítear easpórtálacha beo.

## 4.2 Déirí

Is dearfach iad na hionchais don earnáil déirí sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Agus aird ar na meastacháin i leith éileamh méadaithe, léiríonn an cealú cuótaí bainne san AE in 2015 deis mhór d'earnáil déirí na hÉireann, ag a bhfuil cumas suntasach le haghaidh táirgeadh méadaithe bainne. Ina theannta sin, tá buntáiste suntasach costais ag an earnáil – córas táirgthe fearthainne féir atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a chabhraíonn le táirgeadh éifeachtúil bainne do go leor den bhliain.

Ar a shon sin, bainfidh ríthábhacht le gnóthachain éifeachtachta ag an mbunleibhéal agus ag leibhéal na próiseála má tá an rath is mó le bheith ar an earnáil de bharr go meastar go dtiocfaidh méadú ar phraghais agus go meastar, leis, go mbeidh méadaithe chomhuaineacha ar chostais táirgeadh talmhaíochta. Is éard a theastaíonn le méadú suntasach a bhaint amach ar aschur bainne, ar an gcéad ásc, leibhéal praghas bainne agus struchtúr costas feirme a chuirfidh ioncaim inmharthana feirme ar fáil agus a choinneoidh samhail na feirme teaghlaigh. I dteannta an mhéid sin, beidh tábhacht le bearta éifeachtacha ag leibhéal an AE le luaineacht phraghais/ioncaim a mhaolú, agus beidh gá le dul i ngleic leis na saincheisteanna lena mbaineann infhaighteacht talún agus cumas próiseála barrmhaitheasa.

Ar bhonn na sonraí atá ar fáil, tá an Coiste den tuairim gur féidir méadú 50% ar tháirgeadh bainne a bhaint amach go réalaíoch faoin mbliain 2020 (agus leas á bhaint as na blianta 2007 go dtí 2009 mar bhonnlíne), agus go leagfaidh sé seo an bhunchloch le haghaidh tuilleadh fairsingiú sna blianta ina dhiaidh sin. Chuirfeadh an méadú 2.75 billiún lítear seo thart ar €700 milliún le luach táirgeachta príomha na hearnála chomh maith le tairbhí eile níos faide amach romhainn – luachanna méadaithe táirge déirí, tuillimh easpórtála agus fostaíocht. Tá moltaí na tuarascála in ainm is tacú le fíorú an chumais bhorrtha seo agus le haischur inbhuanaithe a sholáthar do tháirgeoirí agus do phróiseálaithe iomaíocha.



## Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála déirí a fhíorú i ndiaidh a chéile leis na moltaí ginearálta feirme agus tionscail a leagtar amach i gCuid 3.

### Próiseáil Bainne

- Ní mór don tionscal próiseála bogadh i dtreo líon beag oibreoirí scálaithe ag a bhfuil an scála agus an cultúr le tiomáint a chur faoi éifeachtacht agus faoi bhreisluacha ar aon dul leis na príomhiomaitheoirí idirnáisiúnta a bhain comhdhlúthú amach cheana féin.
- Caithfidh an earnáil phróiseála a chinntiú go mbíonn cothromaíocht ann idir cumas próiseála agus na hiarchuótaí méadaithe um sholáthar bainne lena bhfuil coinne.
- Nuair a chuirtear san áireamh go gcreidtear gurb ionann costais tháscacha agus thart ar €400 milliún, ní mór go ngabhfadh an tionscal orthu féin, ag an uile leibhéal, roghanna eile a aimsiú chun maoiniú a chur ar fáil d'fhairsingiú an chumais le borradh ar mhéid, lena raibh coinne, a phróiseáil, lena n-áirítear réitigh éifeachtúla ar an bpróiseáil bainne le linn na tréimhse séasúraí buaicsholáthair bainne.

### Iomaíochas Feirme

- Teastaíonn cur chuige náisiúnta comhordaithe le todhchaí na hearnála a shlánú. Ba chór don DAFF é seo a éascú trí ghrúpa gníomhachtaithe a bhunú le hidirchaidreamh le geallsealbhóirí a spreagadh.
- Ba chóir go nglacfadh táirgeoirí, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí céimeanna agus ón AHI, le cur chuige dea-chleachtais i leith sláinte ainmhithe d'fhonn feabhsúcháin sa chaighdeán bainne atá á tháirgeadh a éascú.
- Ba cheart go leanfadh an DAFF agus an tionscal beostoic ar aghaidh ag tacú le Teagasc agus leis an ICBF sa chlár um fheabhsú gineach dá gcuid, lena n-áirítear cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chuirfidh le hearnáil feirmeoireacht déirí.
- Ba cheart go dtacódh an tionscal leis an AHI agus iad i mbun a misin feabhas a chur ar luach d'fheirmeoirí beostoic agus do thionscal an bhia trí shláinte níos fearr ainmhithe.
- Agus sinn ag druidim leis an tráth ina gcealófar cuótaí in 2015, ba cheart go gcuirfeadh an DAFF Scéim Trádála Cuóta Bainne atá níos solúbtha agus go hiomlán náisiúnta i bhfeidhm ar feadh a bhfuil fágtha den chóras cuóta bainne.

### Aistriú Teicneolaíochta

- Ba cheart do Theagasc na spriocanna a leanas a chur rompu: 9,000 soláthróir bainne ag glacadh páirte i ngrúpaí beoga plé agus méadú ag teacht ar an líon sin de shíor, ardteicnící táirgthe á gcur i bhfeidhm agus cuntais bhainistíochta á n-ullmhú le haghaidh a bhfiontar amhail atá mar bhonn agus taca sa Chlár um Éifeachtacht Déirí.
- Ní mór don DAFF agus do Theagasc buntáirgeoirí a spreagadh le héifeachtacht a bharrfheabhsú trí ghlacadh le teicneolaíocht nua agus le dea-chleachtas tráchtála. Ba cheart go luafar freastal ar chruinnithe grúpaí cuí plé, siúlóidí feirme agus imeachtaí taispeántais i gcoinníollacha scéimeanna nua de réir mar is cuí.

- Ní mór grinnscrúdú a dhéanamh ar scéimeanna oiliúna agus ar chláir oideachais choláiste ag an uile leibhéal leis an ábhar oiriúnach praiticiúil/teicniúil a chinntiú, chomh maith le béim níos mó ar scileanna gnó agus ar bhainistíocht tionscadail.

## Taighde, Forbairt agus Margaíocht

- Ní mór don earnáil phróiseála, le tacaíocht ó Fhiontar Éireann, ó Theagasc agus ó Institiúidí Tríú Leibhéal, straitéis infheistíochta a fhorbairt a éascóidh taighde agus forbairt atá dírithe níos mó ar chúrsaí tráchtála.
- Ba cheart go mbeadh taighde agus forbairt dírithe ar fhorbairt táirgí agus próiseas nua agus béim níos mó ar limistéir tháirgí ag a bhfuil cumas breisluacha, ar nós nútraiceodach agus bianna feidhmeacha.
- Ba cheart do na gníomhaireachtaí cuí Stáit tionscnaimh nua margaíochta a fhorbairt a chuireann tréanaitheantas branda chun cinn ar tháirgí bainne na hÉireann de bhunadh féir, b'fhéidir i gcomhthéacs chur i bhfeidhm níos dírithe an choincheapa 'Éire, an tOileán Bia' san earnáil déirí.
- Ní mór go leanfadh an taighde ar aghaidh ar straitéisí d'fhonn na hastuithe GHG san earnáil a laghdú, agus ní mór go mbeifí rannpháirteach i dtionscnaimh idirnáisiúnta thaighde maidir leis an tsaincheist. Ba cheart go n-áireofaí sa taighde seo iarrachtaí le teicneolaíocht nua a shainaithint bunaithe ar straitéisí maolaithe; iarrachtaí leis an uile pharaiméadar um bainistíocht bólachta lena mbaineann cúrsaí GHG a chur chun feabhais (tógáil eallaigh, torthúlacht, cothú etc.) chomh maith le hiarrachtaí le cainníochtú na n-astuithe agus na n-iarrachtaí maolaithe uile a chur chun feabhais.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

## 4.3 Caoirigh

Ar shamhail na mórtháirgeoirí uile ar fud an AE, bhraith earnáil chaorach na hÉireann brú anuas ar tháirgeadh le déanaí agus bhí laghduithe ar thréada chomh maith le brú ar ioncam le sonrú. Ar a shon sin, tá coinne leis go sáróidh an t-éileamh ar mhargadh na hEorpa na leibhéil táirgthe sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh seo deiseanna a chur ar fáil do thíortha easpórtála ar nós na hÉireann. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo an cumas ar fáil aischur níos fearr a chruthú, a fhad agus is féidir leis an tionscal leanúint ar aghaidh leis an éagsúlú margaidh agus táirge a bhí soiléir le blianta beaga anuas. I measc na dtáirgeoirí, is dócha go mbeidh ionchais fheabhsaithe phraghais i ndán dóibh, a fhad agus gur léir go bhfuil díriú níos mó ar éifeachtacht táirgthe agus ar chaighdeán táirge.

Nuair a chuimsítear úsáid bhaile, tá sé measta go mbaineann luach thart ar €250 milliún leis an tionscal caorach faoi láthair, agus déantar breis agus dhá thrian de a easpórtáil. Agus díriú athnuaite ar thráchtáil san earnáil seo, is féidir borradh 20% ar an luach aschuir faoi 2020 a bhaint amach trí úsáid a mhéadú ar an margadh baile agus trí na moltaí a liostaítear thíos a chur i bhfeidhm.

### Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar an moltaí le cumas na hearnála caoireola a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas Feirme

- Ba cheart don DAFF leanúint ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht i bhfálú caorach agus in áiseanna láimhsithe d'fhonn costais oibre a laghdú trí Chlár an RDP.
- Ní mór don earnáil feabhas a chur ar ghlacadh le teicneolaíocht nua ar fheirmeacha trí leas níos mó a bhaint as grúpaí plé agus as an gclár feirme BETTER le haghaidh caorach.
- Ba chóir don DAFF agus don earnáil tacú go tréan le Caoirigh Éireann ('Sheep Ireland'), a bunaíodh le clár nua um fheabhsú póraithe a fhorbairt.
- Ní mór do na hearnálacha próiseála agus táirgthe comhoibriú leis an díriú ar tháirgeadh ardchaighdeáin a fheabhsú trí ghlacadh le níos mó córas aitheanta conablach trí mheán córas tuairiscithe grádaithe mheicniúil agus praghais thrédhearcaigh.
- Ní mór go gcuirfeadh na gníomhaireachtaí cuí Stáit agus Teagasc feabhas ar chaighdeán feola trí thionscnaimh ar nós scéim Dearbhaithe Caighdeán Caorach an Bhoird Bhia.
- Tacaíonn an Coiste le torthaí agus le moltaí Thuarascáil Malone agus iarrann siad ar a gcur i bhfeidhm iomlán ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

### Próiseáil

- D'fhonn bheith iomaíoch go fóill, ba cheart go gcinnteodh an tionscal gurb ionann an cumas próiseála san earnáil chaoireola agus aschur na dtáirgeoirí. Ba cheart go mbeidh sé seo ina chuspóir treorach le haghaidh aon idirghabháil Stáit san earnáil agus le haghaidh rannpháirtithe tionscail araon.
- Caithfidh an earnáil phróiseála, le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí cuí Stáit, nuálaíocht táirge agus phacáistithe a mhéadú d'fhonn easpórtálacha caoireola breisluacha a mhéadú.
- Ba chóir don earnáil a réimse táirgí a fhairsingiú, lena n-áirítear margaíocht chaoireola 'áitiúla' sa mhargadh baile, le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí cuí Stáit.

**Margaíocht**

- Ba chóir don DAFF agus don Bhord Bia leanúint ar aghaidh ag cothú caoireola sna margaí baile agus easpórtála, agus éagsúlú easpórtálacha a éascú, leis, ó bheith ag brath ar easpórtálacha conablach caoireola go dtí gearrthacha níos próiseáilte.
- Ba cheart don DAFF tacú le tionscnaimh AE d'fhonn maoiniú tionscnaimh de chuid an AE a chinntiú le caoireoil chineálach a chur chun cinn d'fhonn úsáid caoireoil AE a spreagadh.
- Ba cheart go bhforbródh an DAFF agus na gníomhaireachtaí cuí Stáit deiseanna margaíochta atá dírithe ar na saintréithe dearfacha comhshaoil lena mbaineann feirmeoireacht chaorach.

## 4.4 Gairneoireacht

Chuir an earnáil ghairneoireachta agus phrátaí thart ar €370 milliún leis an aschur feirme in 2009. Baineann tábhacht lena gcuireann an earnáil seo le cúrsaí geilleagracha agus cruthaíonn sí fostaíocht shuntasach choimhdeach i limistéir ar nós ullmhú, pacáistiú torthaí, dáileadh, miondíola, dearadh gairdíní agus tírdhreachú.

Is iad na margaí miondíola baile agus seirbhís bhia na margaí is tábhachtaí maidir le torthaí úra na hÉireann. Ar a shon sin, cuid mhór den ábhar a easpórtáiltear chuig margadh na RA is ea beacáin lena mbaineann luach breis agus €100 milliún. Tá táirgí áiseanna taitneamhachta, a chuimsíonn 20% den táirgeadh iomlán, dírithe go mór mór ar an margadh baile. Is iad na nithe is mó a easpórtáiltear crainn Nollag, stoc plandlainne agus duilliúr gearrtha.

Tá brúnna iomaíocha roimh an earnáil, go háirithe de bharr ardchostas ionchuir, go háirithe fuinneamh, iompórtálacha ar a bhfuil praghas iomaíoch, easpa scála agus forbairt theoranta i nuálaíocht.

D'ainneoin an mhéid seo, tá an cumas ag an earnáil le haghaidh breis forbartha. Cuireann an margadh seirbhís bhia deiseanna ar fáil torthaí séasúracha a fhástar in Éirinn a chur in ionad táirgí iompórtáilte; soláthar a dhéanamh don mhargadh orgánach agus éagsúlú a dhéanamh d'fhonn freastal ar an éileamh ar bhia eitneach. Sainaithnítear san athbhreithniú a rinne an Bord Bia le déanaí an gá le táirgí, le seirbhísí agus le margaí nua a nuáil agus a fhorbairt. Bhíothas den tuairim gurbh é an bealach is fearr leis seo a dhéanamh cur chuige comhordaithe ina gcuirfeadh gnólachtaí idir bheag agus mhór acmhainní le chéile d'fhonn leas a bhaint as deiseanna nua.

Tháinig claochlú ar ghairneoireacht le deich mbliana anuas de bharr dul chun cinn sa teicneolaíocht. Cuireann an teicneolaíocht agus dul chun cinn i dtaighde gineach ar phlandaí táirgí, modhanna táirgthe agus cur chuige nua ar fáil i leith an mhargaidh. Teastaíonn comhtháthú níos mó idir gníomhaireachtaí Stáit, institiúidí taighde agus an tionscal chun an leas is mó is féidir a bhaint as an gcumas seo. Ba chóir cláir agus scéimeanna forbartha arb ann dóibh faoi láthair a thabhairt san áireamh, agus iad a athstruchtúrú, más gá, d'fhonn lámh chúnta a thabhairt do thráchtálú agus do ghlacadh le forbairtí nua i dteicneolaíocht gairneoireachta, agus é ina chuspóir an lucht fiontraíochta a éascú agus cabhrú leo earraíocht a bhaint as na deiseanna a eascraíonn ón teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus ón maoin intleachtúil lena mbaineann.

## Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar an moltaí le cumas na hearnála gairneoireachta a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

## Iomaíochas a Athshlánú

- Ba chóir don DAFF rannpháirtíocht níos mó i bhforbairt eagraíochtaí táirgeora a spreagadh d'fhonn cumhacht níos mó margála a éascú sa mhargadh agus d'fhonn glacadh le teicneolaíochtaí nua agus le dea-chleachtas a spreagadh ag leibhéal fo-earnála.
- Ní mór don tionscal a gcuid modhanna táirgthe a oiriúnú go leanúnach d'fhonn an tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú agus d'fhonn tairbhe a bhaint as glacadh le teicneolaíochtaí glasa araon.
- Ba cheart do na gníomhaireachtaí cuí Stáit nuálaíocht táirge agus táirgthe a chothú chomh maith le glacadh le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le pórú plandaí.
- Ba chóir do phróiseálaithe infheistíocht a dhéanamh i ngléasra agus i dtrealamh sainiúil d'fhonn feabhas a chur ar tháirgiúlacht oibre, ar choinníollacha oibre agus ar chaighdeán an aschuir.
- Ba chóir don DAFF athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú faoin NDP Gairneoireachta ag féachaint do roghnú teicneolaíochta glaise, lena n-áirítear athchúrsáil uisce, fuinneamh ó dhramhaíl agus nuálaíocht bunaithe ar tháirgeadh gléasra.
- Ba chóir do na rannóga ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus ar thacaíochtaí reatha i ndáil leis an earnáil ghairneoireachta, agus ba cheart dóibh aon athruithe ar an reachtaíocht nó ar scóip agus ar shaghas na mbeart a shainaithint a theastaíonn leis an tionscal agus le gnólachtaí lena mbaineann a fhorbairt.

## Saincheisteanna Brandála agus Margaíochta

- Ba chóir don DAFF agus do na gníomhaireachtaí cuí Stáit na tairbhí sláinte lena mbaineann ithe torthaí agus glasraí mar chuid de stíl shláintiúil mhaireachtála a chothú níos mó.
- Ba cheart go sainaithneodh an Bord Bia deiseanna i ndáil le táirgí nua, e.g. luibheanna, táirgeadh torthaí laistigh, mionphrátaí, ornáidí mar aon le feasacht tomhaltóirí ar éagsúlacht bhaile a fhorbairt.
- Ba cheart go ndéanfadh taighde ar an margadh a threoraíonn an Bord Bia deiseanna a fhiosrú le torthaí agus le glasraí neamhthraidisiúnta a tháirgeadh.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

## 4.5 Táirgeadh Orgánach

Cé gur sách beag d'earnáil orgánach na hÉireann i gcomparáid leis an talmhaíocht ar an iomlán, is ann do dheis bhorrtha san earnáil seo. Is ionann luach bliantúil an mhargaidh bhaile agus thart ar €100 milliún ina bhfuil thart ar 1,500 oibreoir ag plé le táirgeadh orgánach. Ní hionann agus an iomaí earnáil ghairneoireachta, agus go deimhin, an tionscal ina iomláine, ina bhfuil claonadh i dtreo comhdhlúthú, oireann táirgeadh orgánach is mó do tháirgeadh de scála beag.

Bhain ríthábhacht le spreagthaí a thug an rialtas isteach – an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí agus Scéimeanna Cúnamh Deontais d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí – maidir le treochtaí in airde i dtáirgeadh orgánach a sonraíodh le déanaí. Céatadán suntasach de mhargadh bia orgánaigh na hÉireann iad iompórtálacha faoi láthair. De bharr nach bhfuil dóthain forbartha arna déanamh ar na hearnálacha curaíochta agus gairneoireachta orgánaí is ea seo den chuid is mó. Sa bhreis air sin, is ann d'acmhainneacht sách suntasach le feoil dhearg orgánach a easpórtáil. Dá bharr sin, cuireann an earnáil orgánach fíordheiseanna ar fáil d'fheirmeoirí agus do phróiseálaithe bia na hÉireann. Creideann an Coiste gur féidir an fhéidearthacht shuntasach borrtha seo a fhíorú trí dhíriú ar an dá rud a leanas:

- Ionadaíocht iompórtála i gceantair nach bhfuil dóthain táirgthe á dhéanamh ag Éirinn faoi láthair, chomh maith le
- margaí móra easpórtála ar nós na RA agus na Gearmáine. Cuireann an RA deiseanna suntasacha easpórtála ar fáil ag a bhfuil margadh reatha orgánach de bhreis ar €2 billiún.

Bunaithe ar na deiseanna seo, tacaíonn an Coiste leis na spriocanna a leagtar amach sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas. Tá méadú ar úsáid orgánach talún go dtí 5% ón leibhéal reatha de 1% uaillmhianach go leor agus beidh gá le gníomhartha i líon limistéar, lena n-áirítear cur chun cinn, margaíocht, nuálaíocht, taighde agus forbairt táirgí.

### Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála orgánaí a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

- Ba cheart don DAFF leanúint ar aghaidh ag tacú leis an earnáil tríd an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí agus Scéimeanna Cúnamh Deontais d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí.
- Ba cheart don Bhord Bia leanúint ar aghaidh ag cur le feasacht tomhaltóirí ar an bhfáil atá ar thorthaí orgánacha na hÉireann trí fheachtais de chuid na Seachtaine Náisiúnta Orgánaí agus trí na Gradaim Náisiúnta Orgánacha.
- Ba chóir don Bhord Bia margaí easpórtála a fhorbairt mar aon le próifíl thorthaí Orgánacha na hÉireann a fheabhsú trí fhreastal ar mhóraonaigh bhia san Eoraip ar nós Biofach.
- Ba chóir do Theagasc leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi thaighde, faoi nuálaíocht agus faoi fhorbairt shonrach earnála.

## 4.6 Feoil Mhuice

Chuir an earnáil feoil mhuice thart ar €300 milliún leis an aschur feirme in 2009. Cuireann tionscal muc na hÉireann go mór le hioncam feirmeoireachta, le fostaíocht agus le tuillimh easpórtála; tionscal ina bhfuil 470 aonad tráchtála táirgthe muc a tháirgeann 2.8 milliún muc é. De bharr go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh borradh seasmhach ar ithe muiceola ar fud an domhain go dtí 2020, is é an dúshlán atá roimh thionscal na hÉireann an borradh sin a shonrú, leis. Is é an príomhbhac atá ar bhorradh ísealbhrabúsacht i measc na dtáirgeoirí agus na bpróiseálaithe, mar aon le hardchostais bheathaithe, fuinnimh, chomhlíonta, agus le srianta comhshaoil. Cé gur dócha go dtiocfaidh laghdú ar an líon feirmeoirí a tháirgeann muca, ceaptar gur dócha go dtiocfaidh méadú ar mhéid aonaid, atá mór a dhóthain cheana féin de réir chaighdeáin Eorpacha.

Comhaontaíonn an tuarascáil go mór leis na tuairimí a léirítear i Straitéis Forbartha an Tionscail Mhuc i dtaobh an chumais le haghaidh borradh dearfach. Má dhéantar caipitliú iomlán ar an mborradh ar éileamh ar fud an domhain agus má éiríonn leo dul i ngleic leis an mbearna bhrabúsachta, d'fhéadfadh go mbeifí in ann an sprioc borradh 50% ar luach an aschuir faoi 2020 (agus leas á bhaint as meán na mblianta 2007 go dtí 2009 mar bhonnline) a bhaint amach. Bheadh seo ar bhonn táirgiúlacht fheabhsaithe chránacha agus méadú suntasach ar mhéid na dtréad náisiúnta cránacha, go príomha.

### Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar an moltaí le cumas na hearnála muc a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas

- Ní mór don tionscal a gcuid modhanna táirgthe a oiriúnú go leanúnach d'fhonn an tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú.
- Ba chóir don DAFF fóram a thionól ina bhfuil páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear feirmeoirí curaíochta, táirgeoirí agus próiseálaithe muc d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar gheilleagair agus ar éifeachtúlacht a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chomhoibriú feabhsaithe sna hearnálacha seo.
- Ba cheart do Theagasc a gclár lena mbaineann feidhmíocht tréad muc a thagarmharcáil d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tacú le clár athnuaite d'aistriú eolais araon. Ní mór do tháirgeoirí, le cúnamh ó Theagasc, díriú ar tháirgiúlacht cránacha a mhéadú trí ghlacadh le teicneolaíochtaí nua agus le dea-chleachtas.
- Ba chóir don DAFF athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras cigireachta d'fheoil mhuice, agus é ina chuspóir acu an córas is éifeachtaí i dtaobh costais a bhaint amach comhsheasmhach le muinín an tomhaltóra a chinntiú agus le comhlíonadh rialála.

**Brandáil agus Margaíocht**

- Ba cheart go mbeadh an tionscal agus táirgeoirí níos rannpháirtí i Scéim Dearbhaithe Caighdeán Feoil Mhuice an Bhoird Bhia.
- Ba chóir go leanfadh an uile pháirtí leasmhar ag cinntiú go mbíonn Éire saor ó ghalar Aujeszky chomh maith le gabháil don éacht ar an iomlán lena mbaineann stádas 'an liosta bháin' maidir le galar ainmhithe.
- Ba cheart don DAFF a gcuid iarrachtaí a dhíriú ar rochtain ar mhargaí i dtíortha breise a bhaint amach, a léiríonn margaí féideartha inmharthana nua d'fheoil mhuice na hÉireann, trí phlé a dhéanamh ar na coinníollacha tréidliachta le haghaidh trádála leis na tíortha seo.

**Saincheisteanna Comhshaoil agus Leasa**

- Fáiltíonn an Coiste roimh sholáthar cúnamh deontais don earnáil le comhlíonadh a éascú le rialacháin leas ainmhithe an AE tríd an scéim tithíocht cránacha (leas ainmhithe) lena dtacaítear tríd an gClár um Fhorbairt Tuaithe.
- Ba cheart don tionscal úsáid eile dramhaíola mar aon le roghanna eile diúscartha ón earnáil mhuc a fhiosrú go mear, ar nós táirgeadh fuinnimh/teasa agus díleáiteoirí anaeróbacha.

## 4.7 Arbhar

Táirgeann thart ar 12,000 saothróir arbhair aschur arbhair na hÉireann agus tá an leath díobh ina sainsaothróirí. Cé go bhfuil an earnáil sách beag, ní léiriú cruinn é seo ar an méid a chuireann sí leis an talmhaíocht agus leis an ngeilleagar ina iomláine. Tá breis agus dhá thrian den ghrán a tháirgtear in Éirinn in úsáid mar bheathú d'ainmhithe, agus tá an trian eile de ina amhábhar luachmhar le haghaidh tionscail ghrúdaireachta, driogtha agus mhuilleoireacht plúir na hÉireann.

Cé go mbeidh an lucht saothraithe thíos le brúnna suntasacha sa tréimhse go dtí 2020, lena n-áirítear iad sin lena mbaineann luaineacht phraghais, saincheisteanna aeráide agus galair, is dearfach iad na meastacháin don mheántéarma i dtaca le margaí AE de bharr margadh arbhair atá cothromaithe go maith. Ina theannta sin, tá sé tuartha go bhfanfaidh praghsanna arbhair sa mhargadh domhanda ag leibhéil níos airde ná mar a chonacthas le deich mbliana anuas. Ar a shon sin, míbhuntáiste atá ann do shaothróirí na hÉireann a bheidh i mbrúnna iomaíocha ar nós ardchostais ionchuir, scála beag agus ilroinnte gabháltas mar aon le costas talún ar cíos i gcomparáid lenár lucht iomaíochais.

Ós a choinne sin, thiocfadh borradh ar an éileamh in Éirinn ar bhonn an mhéadaithe thuartha ar na líonta sna hearnálacha beostoic, déirí agus muc go dtí 2020. Ciallaíonn an méadú seo ar éileamh, mar aon leis an gcaoi nach bhfuil Éire ach 80% leor inti féin i dtaobh gráin, gurb ann do dheiseanna leis an táirgeadh a mhéadú gan tionchar suntasach bheith ar phraghsanna mhargaidh. Ina theannta sin, tá cumas táirgeachta thalamh churaíochta na hÉireann i measc an chumais is mó ar domhan, cé gurb ann d'úsáidí eile a bhaineann le bithbhreosla le haghaidh arbhair ar mhargaí idirnáisiúnta. Ar a shon sin, tá an earnáil thíos le fadhb shuntasach bhrabúsachta faoi láthair de dheasca ardchostais leantacha. Beidh gá le barr feabhais a chur ar tháirgeachtaí, le dul i ngleic le hardchostais agus le sprioc a dhéanamh de mhargaí baile ag a bhfuil praghsanna níos airde d'fhonn na treochtaí táirgthe ar a bhfuil meath ag teacht a iompú. Sa mhullach air sin, baineann tábhacht le tionscal dúchasach eorna bhraiche don earnáil.

## Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála arbhair a fhíorú i ndiaidh a chéile leis na moltaí ginearálta feirme agus tionscail a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas a Athshlánú

- Ba cheart do shaothróirí béim ní ba mhó a leagan ar éagsúlú sna barra curaíochta a fhástar, agus breithniú níos mó arna dhéanamh ar phónairí, piseanna, síolta ola, barra bithmhaise etc. d'fhonn na haischuir iomlána in aghaidh an heicteáir a mhéadú.
- Ba cheart do Theagasc agus do shaothróirí scrúdú a dhéanamh ar mhéid níos mó de chur sa gheimhreadh de bharr go mbaineann táirgiúlacht níos mó leis na barra seo agus go scaipfeadh sé seo úsáid agus costas innealra.
- Ba cheart go ndéanfadh an DAFF agus páirtithe leasmhara ábhartha scrúdú ar ról féideartha straitéisí nua i leith bainistíocht riosca, fearacht iontaoibh níos mó ar chórais árachais le rioscaí margaidh agus táirgthe a chuimsiú, go háirithe agus aird ar phlé an CAP i ndiaidh 2013.
- Ba chóir don DAFF fóram a thionól ina bhfuil páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear feirmeoirí curaíochta, táirgeoirí agus próiseálaithe muc d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar gheilleagair agus ar éifeachtúlachtaí féideartha a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chomhoibriú feabhsaithe sna hearnálacha seo.
- Ba cheart úsáid mhéadaithe spriocdhírithe sciodair a chur chun cinn de bharr go bhfuil sé ina mheán éifeachtach leis na costais leasacháin ar an iomlán a laghdú, ach tá tairbhí comhshaoil aige freisin nuair a thugann táirgeoirí muc nó éineola faoi, mar shampla.
- Is gá don tionscal ullmhú go práinneach do thionchar na rialachán nua AE lena mbaineann lotnaidicíd d'fhonn inbhuanaitheacht táirgeadh barr a chinntiú in Éirinn.
- Ba chóir do Theagasc leanúint ar aghaidh le taighde ar chórais táirgthe íseal-ionchuir, níos éifeachtúla agus neamhdhíobhálacha don chomhshaol mar aon le cinntiú go gcuirtear chun feidhme an taighde ábhartha i bhfeirmeacha.
- Ba cheart don DAFF, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha, imscrúdú a dhéanamh lena fháil amach an indéanta go mbeidh Éire ina foinse de shíolta bunúsacha nó leathbhunúsacha le haghaidh na hEorpa.
- Ba cheart do Theagasc leanúint ar aghaidh agus clár neamhchlaonta taighde a chur ar fáil lena mbaineann saincheisteanna saothrú barr GM agus an lucht déanta beartas, feirmeoirí curaíochta, agus an pobal i gcoitinne, ionas gur féidir le hÉirinn páirt a ghlacadh i bplé eolaíochta maidir le teicneolaíochtaí nua bairr agus bheith mar cheannródaí i dtaobh na teicneolaíochta, sa chás go dtiocfadh athrú ar bheartais an AE um shaothrú barr GM agus sa chás go dtagann glacadh níos fairsinge le fiúntais teicneolaíochta GM chun cinn.
- Ba cheart tabhairt faoin taighde ar limistéir ardluacha ar nós bithchógaisíochta, bithphlaisteach agus bithleigheasacháin.

### Saincheisteanna Brandála agus Margaíochta

- Ba chóir go dtabharfadh fócas Scéim Dearbhaithe Arbhair na hÉireann ('Irish Grain Assurance Scheme') na tairbhí chun solais i dtaobh a barántais i leith caighdeáin agus sábháilteachta.
- Tá gá le bainistíocht riosca ar phraghas, lena n-áirítear réamhdhíol, i margadh domhandaithe agus ní mór don tionscal breis forbartha a dhéanamh ar na hionstraimí seo.
- Ba chóir go gcuirfeadh eagraíochtaí feirme díol gráin ó fheirm go feirm chun cinn mar rogha éifeachtúil leis an margadh a bhaint amach le haghaidh saothróirí arbhair agus beathaitheoirí beostoic, gníomh a mhéadaíonn an luach do shaothróirí agus costais á laghdú do bheathaitheoirí.

## 4.8 Éineoil

D'éirigh le héineoil an fód a sheasamh le blianta beaga anuas in ainneoin tréaniomaíochais ó iompórtálacha. Baineann luach thart ar €150 milliún sa bhliain le haschur táirgthe éineola – €120 milliún ó éineoil mar aon le €30 milliún ó uibheacha. Éagosúil le formhór na n-earnálacha eile, tá an earnáil éineola go hiomlán dírithe ar mhargadh baile agus tá tréaniomaíochas ó in Éirinn a tháirgtear anseo, agus de bhunadh na hÉireann iad 85% de na huibheacha a itheann muintir na hÉireann.

In ainneoin brú ar imill bhrabúis lena mbaineann táirgeoirí éineola, is ann do dheiseanna san earnáil le costais a laghdú mar aon le héifeachtacht a mhéadú. Is ann do scóip roinnt laghdaithe a dhéanamh ar chostais iompair. Ina theannta sin, d'fhéadfaí éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach trí úsáid fuinnimh atá costéifeachtach i dtaobh scála agus méid méadaithe áiseanna do thithíocht nua-aimseartha d'éin chomh maith le rátaí feabhsaithe tiontaithe bia chomh maith le feabhas ar chaighdeán na n-éan a tháirgtear. Is féidir le tapú na ndeiseanna seo lámh chúnta a thabhairt d'inmharthanacht na dtáirgeoirí a chothú chomh maith le méadú a mhéid agus 10% ar luach aschuir na héineola faoi 2020 a chruthú.

### Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála éineola a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas a Athshlánú

- Ba cheart don tionscal reachtaíocht zónóisí a chur i bhfeidhm go dian d'fhonn muinín leanúnach tomhaltóirí a chinntiú.
- Ba chóir don DAFF agus do Theagasc glacadh le taighde ar theicneolaíochtaí agus ar chleachtais nua ag a bhfuil sé ina gcuspóir éifeachtacht agus cosaint an chomhshaoil a fheabhsú agus an t-aischur ó infheistíochtaí a mhéadú agus iad a chur chun cinn.
- Tacaíonn an Coiste le soláthar deontais do chórais cháis chúbarnaí feabhsaithe agus saor-raoin mar chuid den Chlár leasaithe um Fhorbairt Tuaithe.
- An tionscal a spreagadh, le tacaíocht Fhiontar Éireann, le hinfheistíocht a dhéanamh in aschur nuálaíochta agus breisluacha.

### Brandáil agus Margaíocht

- Ba cheart go leanfadh an Bord Bia ar aghaidh agus Scéimeanna Dearbhaithe Caighdeáin éineola agus uibheacha á gcur chun cinn d'fhonn díláithriú ag feoil iompórtáilte éineola a sheachaint.
- Ba chóir don DAFF plé a dhéanamh ar choinníollacha tréidliachta le haghaidh trádála le tíortha treasacha a shainaithníonn easpórtálaithe mar mhargaí nua inmharthana le haghaidh éineola.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

## 4.9 Bia Mara

### Cumas agus Spriocanna Borrtha

Tá ag earnáil bhia mara na hÉireann faoi láthair luach measta bliantúil díolachán €700 milliún agus tá 11,000 duine fostaithe san earnáil, i bpobail imeallacha chósta den chuid is mó. Cé go bhfuil mórdhúshláin láithreacha roimh earnáil bhia mara na hÉireann, is ann don chumas caipitliú a dhéanamh ar thréanéileamh le hioncam a mhéadú go dtí €1 billiún mar aon le fostaíocht go dtí méid arb ionann é agus 14,000 post lánaimseartha faoi 2020 in iascaigh mhara agus i ndobharshaothrú, le méadú 78% ar mhéid tháirgeadh an dobharshaothraithe.

Is éard atá san earnáil ghabhála iascaigh pheiligeacha, ghrinnill agus shliogéisc. An áit a bhfuil an príomhchumas borrtha ná luach aonaid a mhéadú trí chaighdeán feabhsaithe, margaíocht níos fearr agus próiseáil bhreise, teacht i dtír bád iasachta breise chuig Éirinn mar aon le forbairt theoranta speiceas nua. Is éard atá san earnáil dobharshaothraithe fiontair feirmeoireacht iasc eiteach agus sliogéisc. Tá timpeallacht den scoth ag Éirinn le haghaidh táirgeadh éisc agus sliogéisc ardchaighdeáin shaothraithe agus is ar an mbonn seo go príomha a éiríonn leis an earnáil dul san iomaíocht.

### Saincheisteanna Sonracha Earnála

Baineann ríthábhacht leis an athbhreithniú atá ar bun faoi láthair ar an gComhbheartas Iascaireachta, do thodhchaí na hearnála do na chéad deich mbliana amach romhainn, go háirithe i dtaobh rochtain a fháil ar acmhainní do thionscal na hÉireann. Tá sé in ainm is bheith tugtha chun críche faoi 2012. Déantar rialú ar tháirgeadh iasc fiáin go náisiúnta agus san AE. D'fhéadfadh oibleagáidí idirnáisiúnta a bhaineann leis na rátaí iascaireachta bheith de réir na hUastáirgeachta Inbhuanaithe (MSY) faoi 2015 bheith ina dtairbhe le laghduithe ar ghabhálacha incheadaithe do stoic áirithe sa ghearrthéarma. Ba cheart go dtiocfadh aisiompú ar na laghduithe seo de réir mar a thagann athshlánú ar na stoic. Cuirfidh an t-aistriú seo dúshláin ar leith san idirthréimhse.

**Árthaí iasachta a ghabhann 88% de na héisc a ghabhtar i gcrios EEZ na hÉireann. Tugann treochtaí i bpraghsanna breosla le tuiscint go mbainfeadh buntáiste níos mó leis dá dtiocfadh níos mó árthaí iasachta i dtír in Éirinn seachas ina dtíortha baile. Bhainfeadh próiseálaithe baile tairbhe as seo dá mbeidís ar fáil le haghaidh díola in Éirinn.**

Bíonn mórthionchar ag treochtaí lena mbaineann praghsanna, ag patrúin trádála domhanda agus ag praghsanna domhanda ar tháirgí bia mara ar bhrabúsacht na hearnála gabhála.

Amach ó speicis pheiligeacha, bíonn struchtúr ilroinnte díola bhaile, easpa scála mar aon le heaspórtáil tráchtearraí iasc neamhphróiseáilte de mhórscála ina dtairbhe ar bhreisluach teoranta baile chomh maith le praghsanna ísle don táirgeoir le haghaidh go leor táirgeoirí Éireannacha. Tá 200 gnólacht in earnáil phróiseála iasc na hÉireann in 2010 agus tá láimhdeachas níos lú ná €1 milliún in aghaidh an ghnólachta ag 50% díobh. Bíonn drochthionchar ag easpa scála, costais níos airde táirgthe chomh maith le neamh-chomhsheasmhacht i ndáil le soláthar táirgí ar bhrabúsacht na earnála.

Cuirteis iomha de Bhord Bia

Tá bac ar bhorradh dobharshaothraithe faoi láthair de dheasca deacrachtaí ceadúnaithe agus maoinithe a eascraíonn as dúshláin le riachtanais chomhshaoil an AE a bhaint amach.

**Moltaí:**

**Tacú le Nuálaíocht, le hAthstruchtúrú agus le Breisluach**

- Ba cheart go leanfadh an dá straitéis forbartha agus taighde le haghaidh bia mara, "Slí Nua a Stiúradh – Straitéis do Thionscal Athstruchúrtha, Inbhuanaithe, Brabúsach Bia Mara na hÉireann 2007-2013" ('Steering a New Course – Strategy for the Restructured, Sustainable and Profitable Irish Seafood Industry 2007-2013') lena dtacaíonn an DAFF, BIM, Foras na Mara, an Bord Bia, an EI agus an tionscal le tosaíochtaí láithreacha a threorú, comhsheasmhach leis na hacmhainní ar a bhfuil fáil.
- Ba chóir an scair gabhála a dhéanann cuideachtaí na hÉireann a phróiseáil a mhéadú diaidh ar ndiaidh, gníomh a mhéadóidh cúrsaí luacha in Éirinn. Ba chóir soláthar breise a aimsiú do phróiseálaithe na hÉireann ó árthaí iasachta a spreagadh agus sinn ag iarraidh an méid teachta i dtír a dhéanann árthaí na hÉireann a uasmhéadú.
- Ba cheart d'Ionad Forbartha Bia Mara BIM agus d'Ionad Taighde ar Bhia Theagasc i mBaile an Ásaigh tacú le forbairt táirgí nuálaíocha bia mara atá dírithe ar an tomhaltóir.
- Ba cheart leanúint ar aghaidh leis na cláir thaighde agus forbartha a bhaineann le forbairt biteicneolaíochta muirí agus le bianna feidhmeacha muirí atá ar bun ag Foras na Mara agus ba cheart iad a threisiú.

**Iomaíochas**

- Agus aird ar fheidhm na sainphróiseálaithe maidir le freastal ar mhargaí nideoige, ba cheart go dtacódh cláir shonracha le hathstruchtúrú agus le comhoibriú feabhsaithe laistigh de na limistéir tháirgthe, dhíola, mhargaíochta agus phróiseála.
- Ba chóir na leibhéil scileanna san earnáil a mhéadú trí oiliúint dhírithe theicniúil agus trí chur le cumas bainistíochta trí chláir oiliúna agus mheantóireachta a thabhairt isteach, mar aon le cláir Shocrúcháin Céimithe.

**Margaíocht**

- Ba chóir go mbeadh comhtháthú níos mó san earnáil bhia mara le hearnáil bhia na hÉireann agus ba chóir déileáil leis an earnáil amhail sin.
- Ba cheart cur i bhfeidhm lipéadú caighdeáin agus inrianaitheachta lena n-áirítear lipéadú toilteanach le haghaidh táirgí éisc na hÉireann a luathú ag an earnáil mar aon leis na tacaíochtaí cuí ó BIM agus ón mBord Bia d'fhonn táirgí na hÉireann ar mhargaí baile agus easpórtála a idirdhealú.
- Ag leibhéal an AE, ba chóir go n-iarrfadh Éire ar leasuithe ar Chomheagraíocht na Margaí (CMO) d'fhonn go mbeadh sé éigeantach sonraí iomlána faoi bhunús táirgí a chur ar fáil don tomhaltóir d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir bia mara na hÉireann agus easpórtálacha.

### Bainistíocht na hEarnála Gabhála

- Ba cheart go leanfadh sainchreatlach Bainistíochta um Iascaigh Chladaigh ar aghaidh chomh pras agus is féidir, d'fhonn cabhrú le bainistíocht inbhuanaithe stoc ardluacha cladaigh, comhsheasmhach le riachtanais chaomhnaithe.
- Ba cheart don DAFF, agus don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA), oibriú leis an earnáil bhia mara d'fhonn córais shimplithe éifeachtacha riaracháin le haghaidh na hearnála a fhorbairt, comhsheasmhach le riachtanais rialacháin agus caomhnaithe an AE.

### Bainistíocht Dobharshaothraithe

- Ba cheart do na ranna agus do na gníomhaireachtaí cuí stáit réiteach a fháil ar dheacrachtaí reatha lena mbaineann ceadúnú Dobharshaothraithe, d'fhonn eisiúint thráthúil ceadúnas nua agus athnuaite dobharshaothraithe a éascú comhsheasmhach le treoracha caomhnaithe an AE. Beidh seo mar bhonn agus taca d'infheistíochtaí reatha agus do bhreis infheistíochta.
- Ba chóir d'Fhoras na Mara i gcomhar le Bord Iascaigh Mhara oibriú leis an tionscal d'fhonn taighde agus forbairt a dhéanamh ar speicis chladaigh agus amach ón gcósta dobharshaothraithe agus speicis eile ar scála tráchtála agus brabúsach.

### Saincheisteanna Comhshaoil

- Ba cheart d'Éirinn, trí Fhoras na Mara (MI) go príomha, glacadh le feidhm cheannródaíochta maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na heolaíochta muirí lena mbaineann caighdeán uisce agus stoic iasc fiáin.
- Ba cheart d'earnáil bhia mara na hÉireann, mar aon leis an DAFF, BIM agus MI, forbairt pleananna fadtéarmacha bainistíochta a chothú do stoic éisc agus aird ar an ngá le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta.
- Ba chóir don tionscal, le tacaíocht ó BIM agus ó MI, leanúint ar aghaidh agus modhanna táirgthe dobharshaothraithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt d'fhonn bonn daingean inbhuanaithe acmhainne a leagan agus le bonn agus taca a chur faoi fhorbairt íomhá cliste, glaise agus glaine a chuireann leis an straitéis ar an iomlán le haghaidh thionscal an bhia.

## 4.10 Foraoiseacht agus Barra Bithfhuinnimh

Cuireann foraoiseacht, trí na scéimeanna foraoisithe atá i bhfeidhm ó 1996, go díreach agus go hindíreach leis an ngeilleagar mór ar féidir é a roinnt idir éagsúlachtaí adhmaid agus neamhadhmaid. Meastar go gcruthaítear €850,000 sa bhreis mar chaiteachas sa chuid eile den gheilleagar nuair a chaitear milliún euro san earnáil foraoiseachta. Ar an iomlán, fós ní leor an ghlantrádáil adhmaid agus léiríonn sé seo deis ar a bhfuil borradh ag teacht le haghaidh ionadú ag iompórtáil. Leanann an borradh atá ag teacht ar thábhacht adhmaid, mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite, agus beidh feidhm thábhachtach aige maidir le spriocanna an Rialtais a bhaint amach lena mbaineann fuinneamh in-athnuaite go háirithe de bharr gurb é an fhoinse is mó d'fhuinneamh in-athnuaite cheana in Éirinn é.

Amach ó na tairbhí lena mbaineann bithéagsúlacht, fóillíocht agus caitheamh aimsire, is é forlámhú carbóin an tairbhe neamhtháirgthe is mó. Baineann ríthábhacht le feidhm fhoraoisí na hÉireann i ndáil le baint amach spriocanna idirnáisiúnta um athrú aeráide na tíre. Meastar gurb ionann forlámhú carbóin ag foraoisí incháilithe in Éirinn faoi láthair agus 2.074 milliún tona sa bhliain. D'fhonn táirgeadh agus próiseáil adhmaid ó fhoraoisí na hÉireann a inbhuanú, teastaíonn struchtúr dea-chothromaithe aoise go náisiúnta. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear dul i ngleic leis an meath a tháinig ar leibhéil phlandála le blianta beaga anuas.

Braitheann forbairt tionscal bhithfhuinnimh ar líon tosca lena n-áirítear beartais agus tacaíochtaí bithfhuinnimh atá ag teacht chun cinn mar aon le hinfheistíochtaí leanúnacha i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht. Teastaíonn dlúth-chomhoibriú leanúnach leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ó na saincheisteanna seo. Tá an DAFF ag tabhairt tacaíochta d'fheirmeoirí d'fhonn barra neamhbhia a bhunú trí Scéim Bithfhuinnimh ó 2007 i leith.

Is ann do líon córas tacaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair le forbairt a dhéanamh ar mhargadh le haghaidh bithbhreoslaí soladacha in Éirinn. Cruthaigh na scéimeanna 'Reheat' agus 'Greener Homes' spéis i leas a bhaint as breoslaí téimh bhithmhaise. Tá deiseanna nua chomh maith le hasraonta margaidh ag teacht chun cinn le haghaidh féar eilifinte agus barra sailí, de réir mar a shuiteáiltear córais téimh bhithmhaise i níos mó gnólachtaí agus tithe. Oireann coinníollacha aeráide agus ithreach na hÉireann do na barra seo a chur agus cuireann siad gníomhaíocht nua gheilleagrach tuaithe ar fáil chomh maith le rochtain na talmhaíochta ar mhargadh mór fuinnimh atá i mbun fairsingiú. Is féidir leis na barra seo torthaí dearfacha a chruthú i dtaobh astuithe laghdaithe $CO_2$ mar aon leis an deis le foinsí breise a chur ar fáil d'ioncam le haghaidh pobail tuaithe. Sa mhullach air sin, d'fhéadfadh gurbh ann do scóip do bharra eile bithfhuinnimh ar nós eoclaipe.

Chuirfeadh tionscal beoga barra neamhbhia foinsí breise ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí. Agus timpeallacht fhabhrach ann le haghaidh forbartha, tig le feirmeoirí cur go mór le spriocanna agus le beartais an Rialtais a bhaint amach san earnáil bhithfhuinnimh agus bharr neamhbhia.

## Moltaí

Amhail an uile anailís ar earnálacha, ba chóir breithniú a dhéanamh ar na moltaí le cumas na hearnála foraoiseachta agus bithfhuinnimh a fhíorú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na moltaí lena mbaineann an fheirm agus an tionscal ginearálta a leagtar amach i gCuid 3.

### Iomaíochas a Athshlánú

- Ba chóir don DAFF agus don Tionscal bearta a fhiosrú níos mó le leibhéal bliantúil an fhoraoisithe a mhéadú go suntasach gach bliain go 2020. Leanfaidh an DAFF le scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna níos éifeachtúla leis an leibhéal plandála a mhéadú ag féachaint dá phráinn. Molann an Coiste glacadh le spriocrátaí plandála le haghaidh foraoisiú a bheidh le comhaontú san Athbhreithniú ar Fhoraoiseacht a bhfuiltear ag súil lena thuairisc faoi dheireadh 2010.
- Ba chóir don tionscal grúpaí táirgeoirí a chur chun cinn d'fhonn costais bhainistíochta a laghdú agus indíoltacht adhmaid ó fhoraoisí príobháideacha a mhéadú.
- Ba cheart don DAFF leanúint ar aghaidh agus tacú le soláthar an ghréasáin bhóithre foraoise, agus measúnú á dhéanamh ar chórais nua bhonneagair i gcomhthráth.
- Ba chóir don tionscal agus d'eagraíochtaí ionadaíocha tacú le hoiliúint agus le hoideachas oibreoirí.
- Ba cheart do Theagasc agus do na hinstitiúidí cuí tríú leibhéal oiliúint chuí agus oiliúint atá cothrom le dáta a chinntiú d'fhonn forbairtí nua a bhaint amach.
- Ba chóir don DAFF leanúint ar aghaidh ag tacú leis an earnáil bhithfhuinnimh ar a bhfuil breis agus broghadh ag teacht tríd an Scéim Bithfhuinnimh, atá cómhaoinithe ag an AE faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe.
- Ba cheart go bhforbrófaí meicníochtaí slabhra soláthair d'fhonn a chinntiú go mbaineann barra bithmhaise an margadh amach agus go bhfíoraítear na haischuir iomlána mhargaidh.
- Ba chóir go gcomhoibreodh na gníomhaireachtaí cuí Stáit, saothróirí agus an earnáil phróiseála adhmaid d'fhonn an slabhra soláthair adhmaid a fheabhsú agus a fhorbairt le costais a laghdú agus le héifeachtúlachtaí a mhéadú.
- Ba cheart go dtreoróidh an DAFF dianfheachtas maidir leis na tairbhí a bhaineann le foraoiseacht feirme, lena n-áirítear soláthar a dhéanamh don mhargadh bithfhuinnimh d'fhonn iontrálaithe nua a mhealladh chun talamh a chur faoi chrainn.

### Saincheisteanna Comhshaoil

- Ba chóir don DAFF agus do na gníomhaireachtaí cuí Stáit leanúint ar aghaidh agus taighde a dhéanamh ar chumas na foraoiseachta carbón a leithlisiú agus ar a mhéid is féidir léi lámh chúnta a thabhairt d'astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann ó thalmhaíocht agus ón earnáil neamhastuithe trádála go ginearálta.
- Ba cheart don DAFF agus do na gníomhaireachtaí cuí Stáit breithniú a dhéanamh ar fhorbairt caighdeáin náisiúnta deimhnithe le haghaidh bainistíocht inbhuanaithe foraoiseachta.
- Ba cheart don tionscal níos mó cineálacha crann leathanduilleach a chur leis an tairbhe a bhaintear as bithéagsúlacht agus as úsáid fóillíochta a chur chun feabhais.

### Taighde agus Forbairt

- Ba cheart do thionscal na hearnála próiseála adhmaid infheistíocht a dhéanamh i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht le láimh chúnta a thabhairt d'fhorbairt agus do bhainistíocht foraoiseachta.
- Ba chóir go leanfadh Teagasc leis an taighde ar chumas barra fuinneamh a chur ar fáil chomh maith le modhanna éifeachtúla táirgthe, sábhála agus stórála a fhorbairt.
- Ba chóir don DAFF, trí chlár taighde an COFORD, leanúint leo ag tacú le cleachtais agus le beartais inbhuanaithe agus iomaíocha foraoiseachta a chuireann le geilleagar eolas-bhunaithe a chruthú agus a chothabháil mar aon le taighde eolaíochta in earnáil bheoga foraoiseachta.

# 2020

Department of
**Agriculture,
Fisheries and Food**
An Roinn
**Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia**